Tuarascáil Bhliantúil | 2003



OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

N PRIONTÁILTE AR PHÁIPÉAR ATHCHÚRSAITHE

Ceanncheathrú an OPW, 51 Faiche Stiabhna

ÍOMHÁNNA CLÚDAIGH

1. Farmleigh
2. Cuid d'Abhainn an Tulcha
3. Teachín Sheosaimh, Co. Chill Mhantáin
4. Stáisiún na nGardaí Baile an Róba- Bealach Isteach
5. 'The Glen', Government Offices, Waterford
6. Saotharlann Stáit, Backweston
7. Ceanncheathrú an OPW, 51 Faiche Stiabhna

WWW.BENNISDESIGN.IE

Ábhar

Réamhrá an Aire Stáit	**2**
Réamhrá an Chathaoirligh	**3**
Athbhreithniú Straitéiseach 2003	**6**
Athbhreithniú Oibriúcháin 2003	**14**
Seirbhísí Bainistíochta Maoine	**15**
Seirbhísí Bainistíochta Áiseanna	**24**
Seirbhísí Cothabhála Maoine	**27**
Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal	**29**
Seirbhísí Ailtireachta	**40**
Seirbhísí Innealtóireachta	**43**
Áisíneacht na Soláthairtí Rialtais	**47**
Seirbhísí Corparáideacha	**48**
Gradaim Oifig na nOibreacha Poiblí 2003	**52**
Athbhreithniú Airgeadais 2003	**54**
An Clár Caiteachais	**55**
Maoiniú na gClár	**57**
An tSeirbhís Ailtireachta	**58**
Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh	**60**
Foireann agus Pearsanra Sinsearach Oifig na nOibreacha Poiblí	**62**
Oifigí na nOibreacha Poiblí ar fud na hÉireann	**68**

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Réamhrá an Aire Stáit

Lean Oifig na nOibreacha Poiblí ag soláthar seirbhísí d'ardchaighdeán don Rialtas i leith maoine, dearaidh, tógála agus soláthair i rith na bliana 2003, de réir mar a bhí leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Is breá liom a thuairisciú go gcuireann gach ar bhain Oifig na nOibreacha Poiblí amach i gcaitheamh na bliana seo caite gliondar orm.

Tréimhse stairiúil a bhí sa bhliain atá caite sa mhéid is gur ceapadh Clare McGrath mar Choimisinéir i mí Eanáir; is ball den Bhord anois í i dteannta an Chathaoirligh Sean Benton agus an Choimisinéara David Byers. Is í Clare McGrath an chéad bhan-Choimisinéir in Oifig na nOibreacha Poiblí ó bunaíodh an Oifig 170 bliain ó shin; cuireann an taithí as cuimse agus an fhís atá aici go mór lena post.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár bhfoireann go léir as an gcaoi ar thugadar go dílis, go proifisiúnta agus go dúthrachtach faoi na dúshláin a bhí rompu sa bhliain 2003.

Táthar ag leanacht ar aghaidh le hathrú phortfolio mhaoin an Stáit agus tá iarratais phleanála curtha isteach i gcomhair na forbartha ag Geata an Iarthair agus Geata Heuston. Tá tús curtha le Scéim Phiolótach um Malairt Réamhshocraithe na nGardaí agus tá forbhairt mhór déanta maidir le díol Lána Lad i mBaile Átha Cliath 2.

Tá Athbhreithniú an Pholasaí Náisiúnta ar Thuilte críochnaithe agus tá an dréachtMheabhrán an Rialtais ullmhaithe agus cuirfear faoina bhráid é go gairid.

Cuireann sé áthas orm go bhfuil dílseacht do chaighdeán agus do choibhneasú i gcroílár phleananna Oifig na nOibreacha Poiblí don todhchaí agus í ag feidhmiú i gcoinne na gcaighdeán is airde sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí ar aon. Is breá an rud a thabhairt le fios gurb iad Seirbhísí Bainistíochta Maoine agus Rannóg an Dearaidh sna Seirbhísí Innealtóireachta, Oifig na nOibreacha Poiblí, an séú agus an seachtú rannóg de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí ar éirigh leo Creidiúnú ISO a bhaint amach i rith na bliana seo caite.

Cé gur féidir linn a bheith bródúil as ar baineadh amach sa bhliain 2003 is iomaí dúshlán atá amach romhainn. Tá tús áite le tabhairt sa tréimhse seo d'Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach a thosaigh ar an 1 Eanáir 2004 agus a leanfaidh ar aghaidh go dtí 30 Meitheamh 2004. Is obair fhíordhúshlánach í obair na hUachtaránachta a bhainistiú go praiticiúil ach is breá liom a rá gur chuidigh an obair ullmhúcháin a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2003 le tús maith a chur lenár maoirseacht.

I mí na Nollag 2003 d'fhógair mo chomhghleacaí, an tAire Airgeadais, Charlie McCreevy TD, pleananna an Rialtais chun 10,000 státseirbhíseach a dhílárnú as Baile Átha Cliath chuig 53 ionad ar fud na hÉireann. Is deis aisti féin d'Oifig na nOibreacha Poiblí atá san fhógra seo agus níl dabht ar domhan orm ach go dtabharfaidh an eagraíocht faoin dúshlán sin go muiníneach agus go fonnmhar sna blianta atá romhainn.

Tom Parlon, TD

Aire Stáit sa Roinn Airgeadais
agus freagracht ar leith aige as
Oifig na nOibreacha Poiblí

Réamhrá an Chathaoirligh

Thug Oifig na nOibreacha Poiblí céim mhór eile chun cinn i gcaitheamh na bliana seo caite. Tugann an Tuarascáil seo léargas leathan ar ar bhain an Oifig amach an bhliain seo caite agus tarraingíonn sí aird ar ár ndúthracht leanacht ar aghaidh ag soláthar seirbhíse níos fearr dár gcustaiméirí.

Ba í an bhliain 2003 an chéad bhliain a raibh an Córas Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha (CBFF) ag oibriú go hiomlán san Oifig. Faoin CBFF, d'éirigh linn leanacht ar aghaidh agus teacht leis an athrú leanúnach a bhí ag tarlú chomh maith leis an gclár nuachóiríochta a chur i bhfeidhm go sásúil.

I mí na Nollag 2003 d'fhógair an tAire Airgeadais, Charlie McCreevy TD, go rabhthas chun 10,000 stát-seirbhíseach a dhílárnú as Baile Átha Cliath chuig ionaid san cúigí. Is dúshlán an-mhór é an fógra seo d'Oifig na nOibreacha Poiblí go leor Ranna agus Oifigí Rialtais a athlonnú chuig 53 ionad i 25 contae. Ó tharla gur ghlac Oifig na nOibreacha Poiblí páirt lárnach sna cláir dhílárnaithe a bhí ann roimhe seo creidim go dtarraingeoimid go huile agus go hiomlán ar an taithí agus ar an saineolas atá againn chun an clár breise seo a chur i bhfeidhm sna blianta beaga seo romhainn.

Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil seo go cruinn dúthracht agus éifeachtúlacht na foirne agus na torthaí a bhaineadar amach. Déanaim comhghárdeas libh as bliain rathúil eile agus mo mhíle buíochas as bhur n-iarrachtaí agus bhur dtacaíocht leanúnach.

Sean Benton

Cathaoirleach
Oifig na nOibreacha Poiblí

Coiste Comhairleach Bainistíochta

David Byers
An Coimisinéir

Clare McGrath
An Coimisinéir

Seán Benton
An Cathaoirleach

Michael O'Doherty
Stiúrthóir Seirbhísí Ailtireachta/
An Príomh-Ailtire

Tony Smyth
Stiúrthóir Seirbhísí
Innealtóireachta/
An Príomh-Innealtóir

Vincent Campbell
Stiúrthóir Seirbhísí
Corparáideacha

Teachín Sheosaimh, Co. Chill Mhantáin

1

2

3

4

Athbhreithniu Straitéiseach 2003

“Bhí an sprioc ionann is bainte amach ag na cláir oibre faoi dheireadh na bliana 2003 agus beagnach 99.88% de leithdháileadh na Vótála caite.

Bhí na mórthionscadail go léir agus na cláir a bhfuil dátaí críochnúcháin iar 2003 leo de réir mar a bhí beartaithe faoi dheireadh na bliana...”

1. Stáisiún na nGardaí Ráth Iomgháin
2. Taispeántas ‘Dearadh do Chách’
3. Caisleán Bhaile Átha Cliath
4. Cuid d’Abhainn an Tulcha (i ndiaidh d’oibreacha a bheith tugtha chun críche)

Ráiteas na Straitéise

De réir Alt 4 (i) (b) d'Acht Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí 1997, meastar sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil an forás a rinneadh i bhfianaise na spriocanna straitéiseacha i gcaitheamh na bliana 2003 faoi na ceannteidil leathana a aimsíodh sa Ráiteas Straitéise (2003- 2005).

CUSPÓIRÍ BAINTEACH LE TIONSCADAL (UIMH. 1, 8 & 9)

PRÍOMHCHUSPÓIR UIMH. 1	FORÁS I 2003	TÁSCAIRE AR SHAOTHRÚ	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
Cur i gCrích an Chláir Bhliantúil Oibre	**Clár Oibre:** Bhí an sprioc ionann is bainte amach ag na cláir oibre faoi dheireadh na bliana 2003 agus beagnach 99.88% de leithdháileadh na Vótála caite. Bhí na mórthionscadail go léir agus na cláir a bhfuil dátaí críochnúcháin iar 2003 leo de réir mar a bhí beartaithe faoi dheireadh na bliana.	• Aschur Airgeadais • Ceangaltais chonarthacha • Meastóireacht Ghinearálta ar dhul chun cinn ag Cinn na nAonad Gnó.	**Clár Oibre:** I dtéarmaí thionscadal sainiúil oibre agus na gclár taispeánann athbhreithniú deireadh bliana an Phlean Gnó go ndeachaigh na beartais/tionscadail a bhí léirithe sna Pleananna i dtús na bliana chun cinn tríd is tríd de réir mar a bhí bearthaithe.
PRÍOMHCHUSPÓIRÍ UIMH.2 & 3.	**FORÁS I 2003**	**TÁSCAIRE AR SHAOTHRÚ**	**NÓTA TRÁCHTAIREACHTA**
2. Seirbhís Chustaiméara d'ardchaighdeán a sholáthar go tráthúil agus go seasmhach	**Creidiúnú ISO:** **1)** Choinnigh gach Aonad Gnó a raibh creidiúnú ISO bainte amach acu an caighdeán i rith 2003: • Seirbhísí Ailtireachta • Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal • Seirbhísí Innealtóireachta - Hidreolaíocht & Innealtóireacht Struchtúrach hidriméadrach - Cothabháil ar Dhraenáil Artaireach Tá obair ag dul ar aghaidh de réir mar atá oiriúnach chun gnáthaimh a thabhairt cothrom le leibhéal an teastais ISO 9001. **2)** Bhain Aonad amháin eile Gnó creidiúnú ISO 9001 amach i rith 2003: • Seirbhísí Bainistíochta Maoine **3)** Bhain roinn amháin eile sna Seirbhísí Innealtóireachta an gradam amach faoi dheireadh na bliana 2003: • Rannóg an Dearaidh	• Athbhreithniú seachtrach (NSAI) • Gradam: Creidiúnú seachtrach.	Leanann an creidiúnú ISO de bheith ag dul i bhfeidhm níos láidre ar an eagraíocht trí: • Gach aonad reatha a bhfuil creidiúnú acu a bheith ag coinneáil an chaighdeáin; *agus:* • Aonad nua amháin Gnó, Seirbhísí Bainistíochta Maoine agus rannóg shuntasach sna Seirbhísí Innealtóireachta, Rannóg an Dearaidh, ar aon a bheith tar éis an ghradaim a bhaint amach don chéad uair.

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ UIMH.2 & 3.	FORÁS I 2003	TÁSCAIRE AR SHAOTHRÚ	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
2. Seirbhís Chustaiméara d'ardchaighdeán a sholáthar go tráthúil agus go seasmhach	**Plean Gníomhaíochta Sheirbhísí Custaiméara** **1)** PGSA foilsithe suas go 2004. **2)** Tús curtha le pleanáil do Phlean iar 2004 agus do Chairt Sheirbhísí Custaiméara.	• Foilseachán (páipéar agus Gréasán. • Líonra inmheánach QCS bunaithe.	**Plean Gníomhaíochta Sheirbhísí Custaiméara** Sa todhchaí beidh forbairt ar struchtúir inmheánacha níos láidre agus beidh siad – agus an Líonra QCS go speisialta – ag tiomáint na dtionscnamh i leith sheirbhísí custaiméara ag leibhéil na Rannóg agus na nAonad agus déanfaidh siad an chuid is mó den obair dhíreach a bheidh riachtanach chun freastal ar riachtanais chun caighdeáin seirbhísí don chustaiméir a shocrú, chun gníomhaíochtaí suirbhéireachta a chomhordú agus chun cáipéisí foirmeálta, mar shampla, Cairt Sheirbhísí Custaiméara a fhoilsiú
3. Aird faoi leith a dhíriú ar leibhéil shainithe seirbhíse a bhaint amach do chustaiméirí indibhidiúla	**Socruithe Leibhéil Seirbhíse:** Tá dhá Shocrú Leibhéal Seirbhíse déanta cheana féin idir: • Coimisinéirí Ioncaim agus Seirbhísí Bainistíochta Maoine • Músaem na nEalaíon Chomaimseartha Éireannaigh, RHK agus Seirbhísí Cothabhála Maoine. Táthar ag tógáil ar ullmhúchán atá déanta cheana i leith SLSanna eile a bhunú le Custaiméirí atá roghnaithe.	• Socruithe Leibhéil Seirbhíse.	**Socruithe Leibhéil Seirbhíse** Tá líon áirithe de rannóga in Oifig na nOibreacha Poiblí ag beartú SLSanna a dhéanamh sa bhliain 2004 leis an gcustaiméir/na custaiméirí is mó atá acu.

CUSPÓIRÍ MAIDIR LE MEASTÓIREACHT AR SHAOTHRÚ

PRÍOMHCHUSPÓIR UIMH. 4.	FORÁS I 2003	TÁSCAIRE AR SHAOTHRÚ	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
Próiseas leanúnach meastóireachta ar shaothrú a bheith sa tsiúl mar shlat tomhais in aghaidh eagraíochtaí eile dá leithéid	**Cuntais Ghnó:** Leanadh ar aghaidh ar feadh na bliana d'aisfháil na sonraí a bhí riachtanach chun cuntais sa stíl trádála a chur ar fáil.	• Cuntais Deireadh Bliana	**Cuntais Ghnó** Táthar tar éis próiseas aisfhála agus stórála shonraí na gcostas a fhorbairt i líon áirithe de na hAonaid Ghnó go pointe ag ar féidir linn comparáid níos cruinne a dhéanamh idir ár seirbhísí agus seirbhísí soláthróirí ar ligeadh obair amach chucu. Is fíor seo go speisialta i leith na gcleachtaí sna rannóga Ailtireachta agus Innealtóireachta. Díreofar ar Aonaid Ghnó eile sa bhliain 2004 agus sna blianta dar gcionn agus bainfear úsáid as uirlisí níos soifisticiúla go háirithe na cinn siúd atá á n-ofráil ag Frámaíocht Bhainistíocht na Faisnéise (MIF). **Cleachtaí Coibhneasta** Táthar tar éis forbairt a dhéanamh go háitiúil ar roinnt cleachtaí sna hAonaid Ghnó. • Seirbhísí Bainistíochta Maoine (anailís ar úsáid spáis.) Rinneadh comparáid sa chleachtadh seo idir an úsáid a bhaineann Oifig na nOibreacha Poiblí as spás oifige i gcomparáid le comparáideoirí eile san Earnáil Phríobháideach. • Seirbhísí Innealtóireachta (anailís ar asláithreachtaí.) Chuir an cleachtadh seo rátaí asláithreachais in aonad tionsclaíochta de chuig Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomparáid le hasláithreachtaí in earnála seachtracha. **Suirbhéanna ar Chustaiméirí** Mar chuid de na riachtanais a ghabhann le creidiúnú ISO a bhaint amach tá roinnt suirbhéanna déanta againn go dtí seo ar chustaiméirí. Tá sé beartaithe comhordú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht amach anseo tríd an Oifig Chaidreamh Poiblí agus an Líonra QCS.
	Cleachtaí Coibhneasta: Cleachtaí ar baineadh úsáid astu sna hAonaid Ghnó: • Seirbhísí Ailtireachta. • Seirbhísí Innealtóireachta. • Seirbhísí Bainistíochta Maoine.	• Cuntais deireadh bliana & anailís ar chom paráideoirí seachtracha	
	Suirbhéanna ar Chustaiméirí: Rinneadh Suirbhéanna ar Chustaiméirí chun cloí le cuid de riachtanais chreidiúnaithe an ISO.	• Suirbhéanna ar pháipéar • Agallaimh dhíreacha	

TUAIRISCIÚ AR CHUSPÓIRÍ CORPARÁIDEACHA

PRÍOMHCHUSPÓIR UIMH. 5.	FORÁS I 2003	TÁSCAIRE AR SHAOTHRÚ	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
Socruithe éifeachtacha ar thuairisciú chorparáideach a chur i dtoll a chéile i gcaoi is go mbeadh luí le réasún leis an tionchar a bheadh acu ar bhaint amach na spriocanna straitéiseacha	**Frámaíocht Bhainistíocht na Faisnéise (MIF):** Choinnigh Oifig na nOibreacha Poiblí le coinníollacha na Roinne Airgeadais i rith 2003 maidir le tuairisciú gach dara mí ar thionscnaimh Fhrámaíocht Bhainistíocht na Faisnéise (MIF). Sholáthair na hAonaid Ghnó sonraí, go seachtrach, ar bhonn leanúnach, d'Fhoireann an Tionscadail & do Chomhairleoirí i dtaca le ceisteanna sainiúla agus riachtanais na n-aonad.	• Tuairisciú maidir le coinníollacha na Roinne Airgeadais.	**Frámaíocht Bhainistíocht na Faisnéise (MIF)** Tionscadal fadtéarmach is ea forbairt Fhrámaíocht Bhainistíocht na Faisnéise. Teastóidh ionchur a rachaidh thar téarma an Ráitis reatha Straitéise. Tá an forás sásúil go dáta. **Tionscadail/Tionscnaimh Theicneolaíocht na Faisnéise** Ó thaobh thionscadail eile Theicneolaíocht na Faisnéise de, tá cur chuig níos straitéise glactha againn maidir le pleanáil agus roinnt amach acmhainní Theicneolaíocht na Faisnéise atá ar fáil dúinn. Déantar seo ar bhealach níos struchtúrtha agus freastalaíonn sé seo ar riachtanais ghnó atá sainnithe. Tá seo á dhéanamh trí Ghrúpa nuabhunaithe d'Úsáideoirí Theicneolaíocht na Faisnéise a bhfuil bainisteoir sinsearach ina bhun ag leibhéal Coimisinéara agus trí chur chuige níos déine i leith an tionscadail maidir le sainmhíniú, comaoin agus faomhadh an phróisis.
	Tionscadail/Tionscnaimh Theicneolaíocht na Faisnéise: Tá líon áirithe de thionscadail á socrú suas nó socraithe suas le tamall anuas: • Suirbhé ar Mhaoin (Bunachar sonraí Maoine) • Peoplesoft (Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna.) • Córas cláraithe; • Córas infheictheachta ar Chothabháil Maoine (Córas iomlánaithe na n-ordaithe/na mbillí/na n-íocaíochtaí don réimse: Cothabháil Maoine agus don réimse: Meicniúil & Leictreachas.)	• Tionscadail shainiúla.	

CUSPÓIR MAIDIR LE HATHRÚ I MBAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA

PRÍOMHCHUSPÓIR UIMH. 6.	FORÁS I 2003	TÁSCAIRE AR SHAOTHRÚ	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
Obair na nAcmhainní Daonna a thabhairt cothrom le dáta chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na lárAonad Gnó agus na foirne in Oifig na nOibreacha Poiblí	**Straitéis Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna:** Thosaigh an Pháirtíocht nuabhunaithe de Ghrúpa Oibre na nAcmhainní Daonna ag obair ar ullmhú na Straitéise do Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna i gcaitheamh na bliana 2003.	• Dréachtstraitéis.	**Straitéis Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna** Tá roinnt ullmhúcháin déanta maidir leis an gCuspóir seo mar go bhfuiltear tar éis Grúpa Oibre Straitéiseach Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna a bhunú faoi choimirce na Páirtíochta. Tabharfaidh an straitéis nua faoi phríomhriachtanais traenála na todhchaí go speisialta na cinn siúd a aimsíodh trí PMDS agus tríd an bhForbairt Phroifisiúnta Leanúnach. Táthar ag súil go gcuirfear iarracht shuntasach isteach sa bhliain 2004. Tabharfaidh an Straitéis nua aitheantas don cheist nua atá ardaithe de bharr Dhílárnú Oifig na nOibreacha Poiblí a fógraíodh go déanach sa bhliain 2003.
	Lámhleabhar an Phróisis i gcomhair obair na nAcmhainní Daonna: Tá idir 25 - 30% den obair críochnaithe. Tá leagan amach an phróisis i dtaca le hobair Phearsanra ag leanacht ar aghaidh.	• Lámhleabhar an Phróisis.	

CUSPÓIR MAIDIR LE HATHCHÓIRIÚ RIALÚCHÁN

PRÍOMHCHUSPÓIR UIMH. 7.	FORÁS I 2003	TÁSCAIRE AR SHAOTHRÚ	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
Dul i ngleic leis an gceist faoin athchóiriú rialúchán d'fhonn a chinntiú go gcoimeádann Oifig na nOibreacha Poiblí a cumas gníomhú ar pholasaí Rialtais i gcomhshaol a bhfuil athrú ag teacht air	**Ceisteanna maidir le hAthchóiriú Rialúchán:** Athbhreithniú ar chumhachtaí na gCoimisinéirí	• Tá an tAthbhreithniú críochnaithe • Táthar ag fanacht ar chinneadh an Rialtais i dtaca le ceist na dtuilte	**Ceisteanna maidir le hAthchóiriú Rialúchán** Ní bhíonn Oifig na nOibreacha Poiblí ag brath ar reachtaíocht phríomhúil d'fhormhór dá gnóthaí laethúla. Ach i dtaca le réimse amháin ina bhfuil an reachtaíocht criticiúil ina fheidhmiú (.i. fóirithint tuilte), d'fhéadfadh go dtiocfadh moltaí chun cinn le linn na bliana 2004 (féach Príomhchuspóir Uimh. 9 thíos).

CUSPÓIRÍ A BHAINEANN LE TIONSCADAIL (UIMH. 1, 8 & 9)

PRÍOMHCHUSPÓIR UIMH. 8 & 9.	FORÁS I 2003	TÁSCAIRE AR SHAOTHRÚ	NÓTA TRÁCHTAIREACHTA
8. Níos mó éifeachtúlachta i leith na húsáide a bhaintear as sócmhainní maoine	**Athbhreithniú an phortfolio:** Tá beartais shainiúla curtha i bhfeidhm i dtaca leo seo: • Moladh go dtógfaí tithíocht shóisialta inacmhainne ar láithreáin atá in úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí • Bainistiú Phortfolio Shócmhainní na nGardaí • Forbairtí i stíl trádála ag líon áirithe de láithreáin • Seirbhísí Leanaí (Áiseanna naoílanna) • Tionscadail teileachumarsáide	• Láithreáin aimsithe An R DOELG curtha ar an eolas. Tá nósanna imeachta dlíthiúla i dtaca le tógáil ar láimh sa tsiúl. • Tairiscintí le teacht isteach. Cead Pleanála faighte. Líon áirithe d'ionaid • Athbhreithniú ar acmhainn ioncaim críochnaithe	**Athbhreithniu ar an bportfolio** Tá uimhir áirithe de mholtaí astu féin aimsithe sna réimsí seo: tithíocht phoiblí, áiseanna na nGardaí, forbairtí i stíl trádála, seirbhísí do leanaí agus tionscadail teileachumarsáide. Tá forbairt réamhghníomhach sa tsiúl ar na tionscnaimh ar leith seo trí Sheirbhísí Bainistíochta Maoine Oifig na nOibreacha Poiblí le tacaíocht ó na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal. Tá mionsonraí fútha sna codanna ábhartha den imleabhar seo den Tuarascáil Bhliantúil.
9. Dul i ngleic le ceisteanna ag éirí as ceist na dtuilte	**Athbhreithniú ar Pholasaí Tuilte:** Tá próiseas an Athbhreithnithe fhoirmeálta críochnaithe agus seoladh an dréacht-thuarascáil chuig an Roinn Airgeadais faoin 31 Deireadh Fómhair 2003.	• Tá dréachtmheabhrán Rialtais ullmhaithe	**Athbhreithniú ar Pholasaí Tuilte** Tá gar-sprioc chuspóir na Straitéise seo bainte amach. D'fhéadfadh go dtarlódh a thuilleadh gníomhaíochtaí sa bhliain 2004.

Go ginearálta agus isteach is amach le 30% de chlárama Ráiteas Straitéise 2003-2005 Oifig na nOibreacha Poiblí, a bheith clúdaithe tá dul chun cinn déanta ar roinnt mhaith den chlár ábhartha.

BÉIM AR BHAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA AGUS CEISTEANNA DÁ MBAINEANN

Is gné shuntasach í réimse na dtacaí inmheánacha i gcomhthéacs na n-aidhmeanna nuachóiríochta atá ag Oifig na nOibreacha Poiblí mar atá sonraithe sa Ráiteas Straitéise. Dá bhrí sin tá an obair tosaithe chun réimsí mar an tSeirbhís Chorparáideach, Bainistíocht Acmhainní Daonna, Traenáil agus Teicneolaíocht na Faisnéise a nuachóiriú agus a neartú.

D'éascaigh an bhéim a leagadh in Inbhuanú Foráis ar théamaí na nuachóiríochta agus an ceangal fíorshoiléir a bhí idir na téamaí seo agus an luach saothair, an dul chun cinn chun cuspóirí straitéiseacha Oifig na nOibreacha Poiblí a bhaint amach. Taobh istigh d'Oifig na Oibreacha Poiblí féin, léirigh na Ceardchumainn go bhfuil siad sásta an tAontú a chur i bhfeidhm trí ghlacadh le moltaí i dtaca le hearcaíocht nach iondúil agus le socruithe nua nó athbhreithnithe i gcomhair ardú céime go hinmheánach.

TÉAMAÍ A BHAINEANN LE GNÓ AGUS LE CUSTAIMÉIRÍ

Is fiú aird a tharraingt ar an rath leanúnach atá ar Oifig na nOibreacha Poiblí sa mhéid is gur éirigh léi an creidiúnú ISO a choinneáil sna gnóthaí lárnacha agus an caighdeán a bhaint amach i réimsí nua. Thosaigh Oifig na nOibreacha Poiblí ag déileáil níos fearr le gnéithe caidrimh eile leis an gcustaiméir, mar shampla, trí dhíriú níos géire ar shuirbhéanna a dhéanamh ar chustaiméirí agus ar chur chuige struchtúrtha a fhorbairt i leith chaighdeán sheirbhísí na gcustaiméirí, traenáil agus &rl. Leanfaidh an oifig uirthi dá forbairt sa réimse seo sa tréimhse atá díreach amach romhainn.

Tarlúint shuntasach i dtéarmaí straitéiseacha i gcaitheamh na bliana 2003 ab ea gur tugadh gnéithe de phortfolio na hOidhreachta ar ais d'Oifig na nOibreacha Poiblí. Beidh obair mhór ag baint le gnéithe móra den Oidhreacht (isteach is amach le 1,000 d'fhoireann) a shníomh isteach go rathúil agus go hiomlán in Oifig na nOibreacha Poiblí. Gan dabht, caithfear roinnt mhaith d'am agus de dhua na foirne leis seo agus le ceist an Dílárnaithe sa tréimhse atá díreach romhainn amach agus teastóidh dianairdeall chun a chinntiú go gcoinneofar leis an dul chun cinn chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Athbhreithniú Oibhiúcháin 2003

"Tá fiúntas fírinneach fadtéarmach ag gabháil le baint amach an chreidiúnaithe ISO sa mhéid is gur cuireadh tús le Córas Caighdeánach Bainistíochta téagartha a inchor-praíonn doiciméadú chuimsitheach a ghnásanna agus a chuireann bun láidir faoi na Seirbhísí Bainistíochta Maoine le cur ar a gcumas leanacht dá gcuspóiri i dtaca le feabhsú leanúnach a chur i gcrích i seirbhísí na gcustaiméiri agus caighdeán barr-chleachtais a bhaint amach sa bhainistíocht. ."

1. Saotharlann Stáit, Backweston
2. Stáisiún na nGardaí Baile Uí Lachnáin
3. Cuid d'Abhainn an Tulcha
   (i ndiaidh d'oibreacha a bheith tugtha chun críche)

Seirbhísí Bainistíochta Maoine

CÓRAS BAINISTÍOCHTA CAIGHDEÁN – ISO 9001:2000

Bhain Seirbhísí Bainistíochta Maoine creidiúnú ISO 9001:2000 amach i mí Lúnasa na bliana 2003.

Baineadh an creidiúnú amach trí bhunú Chóras nua Bainistíochta Caighdeán a raibh doiciméadú chuimsitheach an phróisis éagsúil agus choimpléascaigh agus na ngnásanna tacaíochta a ghabhann le hobair na Seirbhíse i gceist ann,chomh maith le gnéithe eile. Áirítear leis seo athdháileadh spáis taobh istigh den phortfolio; maoin a cheannach, a ligean ar léas agus a chur de láimh; athbhreithniú ar idirbheartaíocht faoi ligean ar cíos; cearta maoine agus ualaí a bhunú agus dheonú ar son an Stáit; táillí seirbhísí a íoc agus a bhailiú agus léasanna agus doiciméidí tábhachtacha dlíthiúla eile agus léasanna a stóráil agus a chothabháil.

B'éigean a thabhairt le tuiscint sna gnásanna atá doiciméadaithe go gcaithfeadh Seirbhísí Bainistíochta Maoine agus iad i mbun a gcuid oibre a bheith san airdeall ar: an riachtanas atá ann an portfolio ar an iomlán a bhainistiú agus a chuichóiriú go héifeachtach agus go feidhmiúil; ar riachtanais indibhidiúla na gcliant; ar aistíl mhargadh na maoine; ar athruithe i bpolasaí Rialtais m.sh. cláir dhílárnaithe, i dteannta an ghá atá ann a chinntiú go mbeidh a gcuid déileála go léir ar chaighdeán dianiarrthach dlíthiúil agus an tsoláthair phoiblí.

Ba é an dúshlán a bhí ann agus creidiúnú ISO á lorg, gach eolas ábhartha a bhain leis an gcaoi ina ndéantar próiseáil ar an obair a aisfháil, a chomhdhlúthú agus a athchóiriú agus an t-eolas sin go léir a chur i láthair i gcaoi is go gclúdófaí aimhréiteachtaí na hoibre sách maith agus freisin go ndéanfaí é go léir a dhoiciméadú in aon fhoinse amháin a mbeadh sé éasca teacht uirthi agus éasca le húsáid. D'fhonn an aidhm seo a bhaint amach b'éigean breis is 70 gnás agus aguisín a dhoiciméadú mar aon le lámhleabhar d'ardchaighdeán ar pholasaí atá mar cheangal idir na gnásanna agus na codanna eagsúla de chaighdeán an ISO.

Tá Seirbhísí Bainistíochta Maoine anois tar éis aon doiciméad cuimsitheach amháin a fhoilsiú atá ar fáil ar líonra inmheánach Oifig na nOibreacha Poiblí. Chomh maith le bheith ina bhun don chreidiúnú ISO is doiciméad tagartha atá ann don fhoireann le taithí agus uirlís traenála don fhoireann nua atá tugtha isteach sa tSeirbhís. Déanann iniúchadh rialta ar an gcóras ag iniúchóirí inmheánacha an chaighdeáin agus ag an NSAI eascaíocht i dtaca le monatóireacht leanúnach agus tanúchán na ngnásanna maidir le dóthanacht, cruinneas agus freagrúlacht i leith athruithe sa pholasaí agus sna modhanna oibre.

Tá fiúntas fírinneach fadtéarmach ag gabháil le baint amach an chreidiúnaithe ISO sa mhéid is gur cuireadh tús le Córas Caighdeánach Bainistíochta téagartha a inchorpraíonn doiciméadú chuimsitheach a ghnásanna agus a chuireann bun láidir faoi na Seirbhísí Bainistíochta Maoine le cur ar a gcumas leanacht dá gcuspóiri i dtaca le feabhsú leanúnach a chur i gcrích i seirbhísí na gcustaiméiri agus caighdeán barr-chleachtais a bhaint amach sa bhainistíocht.

CLÁR CEANNACHÁIN LÁITHREÁN SCOILEANNA

Sa bhliain 2003 tháinig ardú ar chistiú na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ionas go mbeifí in acmhainn láithreáin a cheannach le haghaidh bunscoileanna. San am céanna ceannaíodh líon áirithe láithreán i gceantair i mBaile Átha Cliath mar Leamhcán, Stepaside, Áth an Ghainimh agus thart timpeall ar Bhaile Bhláinséir, ceantair atá ag forbairt go tapa. Aontaíodh ar phraghas sna cásanna seo a leanas atá ag staideanna difriúla tíolactha ag an bpointe seo:

Baile Diswell, Baile Átha Cliath 15.
Stepaside, Baile Átha Cliath 18.
Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18.
Balgaddy, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath.
Gleann Ghrifín Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath.
An Cúm, Baile Átha Cliath 8.

Timpeall is €15 milliún an costas measta atá ar na láithreáin scoile sin thuas, agus nuair a chuirtear sin i gcomparáid le tailte a bhfuil forbairt fúthu sna ceantair seo is léir gur fiú an t-airgead iad. Bhí na Coimisinéirí gníomhach freisin ina n-iarrachtaí láithreáin a cheannach do bhunscoileanna i 36 áit eile; tá cuid díobh sin ag staid tíolactha faoi láthair agus amhail na láithreán thuasluaite táthar ag súil go dtabharfar an obair sin chun críche go luath sa bhliain 2004. Táthar tar éis a iarraidh ar na Coimisinéirí freisin leanacht dá n-iarrachtaí ocht gcinn de láithreáin d'iarbhunscoileanna a cheannach.

BRISEADH SÍOS AR CHÍOS AG NA RANNA RIALTAIS - 2003

ROINN	€	%
Na Coimisinéirí Ioncaim	19,496,601	18.51
An Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	19,064,001	18.10
An Roinn Gnóthaí Sóisialta & Teaghlaigh	11,331,873	10.76
An Roinn Airgeadais	8,969,408	8.51
An Roinn Talmhaíochta & Bia	6,390,277	6.07
Oifig na nOibreacha Poiblí	6,307,248	5.99
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	6,281,178	5.96
An Roinn Fiontair, Trádála & Fostaíochta	5,725,001	5.43
An Roinn Iompair	5,340,037	5.07
An Roinn Oideachais & Eolaíochta	5,243,283	4.98
An Roinn Sláinte & Leanaí	2,386,511	2.27
An Roinn Comhshaoil	2,114,909	2.01
Roinn an Taoisigh	1,599,073	1.52
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta	1,169,609	1.11
Oifig Fhear an Phobail	1,131,115	1.07
An Roinn Cumarsáide & Acmhainní Nádúrtha	1,118,368	1.06
An Roinn Ealaíon, Turasóireachta & Spóirt	681,289	0.65
An tOireachtas	564,238	0.54
An Roinn Cosanta	436,844	0.41
IOMLÁN	**105,350,863**	**100.00**

CEANNACH LÁITHREÁN 1CHD EANÁIR 2003 – 31Ú NOLLAIG 2003

ÁIT	DÁTA CEANNACHÁIN	FAIRSINGE M. CR	LUACH ÍOCTHA €
Co. na Gaillimhe Uarán Mór Institiúid na Mara	1 Meán Fómhair 2003	58,800	€253,947

BAILE ÁTHA CLIATH –CEANNACH LÉASANNA NUA 1CHD EANÁIR 2003 – 31Ú NOLLAIG 2003

AINM NA MAOINE	ÁIT	ROINN	DÁTA TOSAITHE	DÁTA ÉAGTHA	SPÁSANNA CARRCHLÓIS	FAIRSINGE LE LIGEAN AR CÍOS M. CR.	CÍOS P.A.
Fionnghlas Stóras	Baile Átha Cliath 11	An Roinn Airgeadais	01/01/2003	01/01/2024	21	751.96	€61,677
An Falla Thoir East Wall PVII	Baile Átha Cliath 03	An Roinn Talmhaíochta Bia & Forbairt Tuaithe	01/02/2003	31/01/2008	0	458.46	€212,249
Aerfort Bhaile Átha Cliath	Aerport Baile Átha Cliath	An Lár-Oifig Staidrimh	01/03/2003	28/02/2007	0	9.29	€4,946
Sráid Bow 12-13	Baile Átha Cliath 07	An Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais, & Athchóirithe Dlí	18/03/2003	18/02/2013	10	919.06	€300,000
Ardán Dhún an Iarla, Teach Fhaiche Stiofáin	Baile Átha Cliath 02	An Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh, Coimisiún Laffoy	01/04/2003	30/09/2014	15	826.85	€304,013
Cluain Sceach Clonskeagh Oifig Chnoc na bhFeá Beech Hill Off. Camp	Baile Átha Cliath 14	An Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí	14/04/2003	14/04/2005	10	297	€75,549
Sr. Haiste 6/7 Teach Hardwicke	Baile Átha Cliath 02	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	01/06/2003	31/08/2004	0	637.39	€284,391
Bóthar Chluain Sceach Clonskeagh Road	Baile Átha Cliath 06	An Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí	16/06/2003	30/04/2005	6	139.35	€46,000
Faiche Stiofáin 94	Baile Átha Cliath 02	An Roinn Sláinte & Leanaí, An Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí	01/07/2003	31/03/2008	19	1875	€711,724
Aerfort Bhaile Átha Cliath, Teach Bhaile Uí Choileáin-Collinstown Hse	Aerport Baile Átha Cliath	Met Eireann	07/10/2003	06/10/2007	0	23	€5,724
Aerfort Bhaile Átha Cliath	Aerport Baile Átha Cliath	An Lár-Ionad Staidrimh	01/11/2003	31/10/2007	0	20.47	€6,811
Baile Brigín Oifig na bPas	Baile Brigín	An Roinn Gnóthaí Eachtracha (Oifig na bPas)	23/12/2003	23/12/2023	76	3024	€574,560
				IOMLÁN	**157**	**8,981.83**	**€2,587,644**

BAILE ÁTHA CLIATH – DIÚSCAIRT LÉASANNA 1CHD EANÁIR 2003 – 31Ú NOLLAIG 2003

AINM NA MAOINE	ÁIT	ROINN	DÁTA GÉILLTE	SPÁSANNA CARRCHLÓIS	FAIRSINGE LE LIGEAN AR CÍOS M.CR.	CÍOS P.A.
Sr. Mhaoilbhríde Carrchlós Oifig Rialtais	Baile Átha Cliath 01	Na Coimisinéirí Iocaim, An Roinn Gnóthaí Sóisialta & Teaghlaigh, An Garda Síochana, Coimisiún na Státseirbhíse, Stiúrthóir na Ionchúiseamh Poiblí	03/01/2003	101	0	€159,120
Campas Richmond An Oifig Thalmhaíochta	Baile Átha Cliath 07	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbairt Tuaithe	13/01/2003	0	0	€41,520
Bóthar an Fhalla Thoir Oifig Iomprach an Chigire Tréadliachta	Baile Átha Cliath 01		28/02/2003	0	0	€10,145
Foirgneamh na Drioglainne	Baile Átha Cliath 07	Binse Fiosraithe Barr	31/03/2003	3	83.62	€14,500
Sr. Mhic Liam, Íoch. Clifton Mews	Baile Átha Cliath 02	An Coimisiún um Ceadúnais Dí	02/04/2003	1	232.25	€104,753
Faiche Stiofáin 94	Baile Átha Cliath 02		30/06/2003	10	838.9	€248,360
			IOMLÁN	**115**	**1,154.77**	**€578,398**

NA CÚIGÍ - CEANNACH LÉASANNA NUA 1CHD EANÁIR 2003 – 31Ú NOLLAIG 2003

AINM NA MAOINE	ROINN	ÁIT	DÁTA TOSAITHE	DÁTA ÉAGTHA	SPÁSAN-NA CAR-RCHLÓIS	FAIRSINGE LE LIGEAN AR CÍOS M.CR.	CÍOS P.A.
An Oifig Oideachais Corcaigh	An Roinn Oideachais & Eolaíochta	Corcaigh	01/01/2003	01/01/2023	42	1341	€234,536
An Oifig Talmhaíochta & Bia Geata na nDuganna Gaillimh	An Roinn Talmhaíochta, Bia & Forbairt Tuaithe	Gaillimh	01/01/2003	01/01/2023	65	3430.37	€744,825
Oifig na nOibreacha Poiblí An Fál Carrach	Oifig Áitiúil na nOibreacha Poiblí	An Fál Carragh	25/03/2003	24/02/2013	0	39.25	€9,880
An Oifig Oideachais An Muileann gCearr	Spás nach bhfuil leithdháilte	An Muilean gCearr	23/05/2003	24/05/2023	21	908.6	€186,309
Oifig Achomhairc na Roinne Talmhaíochta & Bia,Port Laoise	An Roinn Talmhaíochta, Bia & Forbairt Tuaithe	Port Laoise	01/06/2003	01/06/2023	22	612.05	€83,259
Oifig Rialtais Phort Láirge –Baile Eoin	An Roinn Oideachais & Eolaíochta	Port Láirge	01/06/2003	01/06/2023	29	1095.97	€117,968
An Oifig Rialtais Corcaigh Foirgneamh Irish Life	An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Na Coim. Ioncaim (C &M)	Corcaigh	01/07/2003	30/06/2013	0	381.6	€73,327
Stáisiún na nGardai, Áth na Fuinseoige Sealadach	An Garda Síochana	Áth na Fuinseoige	01/07/2003	25/12/2004	0	80.90	€18,000
Oifig na nOibreacha Poiblí, Cill Mocheallóg	An Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail & Teaghlaigh	Cill Mocheallóg	01/08/2003	30/06/2013	0	51.87	€11,700
An tSeirbhís Phromhaidh & Leasa Gaillimh	An tSeirbhís Phromhaidh & Leasa	Gaillimh	01/09/2003	01/09/2023	0	46.92	€7,575
Stóras Oideachais, An Tullach Mór	An Roinn Oideachais & Eolaíochta	Tulach Mhór	01/09/2003	31/07/2013	0	501.68	€23,976
Oifig na nOibreacha Poiblí, Eochaill - An tSráid Láir	An Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail & Teaghlaigh	Eochaill	28/10/2003	27/09/2013	0	58.83	€12,000
An tIonad Tástála Tiomána, Sligeach	An Roinn Iompair	Sligeach	21/11/2003	20/11/2023	0	126	€109,220
An Oifig Comhshaoil Corcaigh	An Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil	Corcaigh	15/12/2003	14/12/2013	20	411	€68,906
				IOMLÁN	**199**	**9,086.04**	**€1,701,481**

NA CÚIGÍ - CEANNACH LÉASANNA NUA 1CHD EANÁIR 2003 – 31Ú NOLLAIG 2003

AINM NA MAOINE	ÁIT	ROINN	DÁTA GÉILLTE	SPÁSANNA CARRCHLÓIS	FAIRSINGE LE LIGEAN AR CÍOS M.CR.	CÍOS P.A.
An tSeirbhís Chúirteanna Dlí & Cirt Luimneach	Luimneach	An tSeirbhís Chúirteanna	31/01/2003	5	0	€65,010
Stáisiún na nGardaí Cloch na Rón & MQ	Cloch na Rón	An Garda Síochana	31/03/2003	0	0	€4,571
Stáisiún na nGardaí Baile an Róba	Baile an Róba	An Garda Síochana	06/04/2003	1	98.48	€6,348
Oifig an Rialtais,Dún Dealgan , An Diméin	Dún Dealgan		07/04/2003	0	0	€19,046
Stáisiún na nGardaí Baile an Róba Sealadach	Baile an Róba	An Garda Síochana	07/05/2003	0	0	€6,760
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Port Láirge	Port Láirge	Na Coimisinéirí Ioncaim	31/05/2003	20	1138	€256,360
Port Láirge, Carrchlós Sr. Thomáis	Port Láirge		30/06/2003	15	0	€20,569
Oifig an Rialtais Port Láirge, Baile Eoin Johnstown	Port Láirge		26/11/2003	50	1669.45	€161,891
			IOMLÁN	**91**	**2,905.93**	**€540,555**

CUR DE LÁIMH MAOINE 1CHD EANÁIR 2003 – 31Ú NOLLAIG 2003

AINM NA MAOINE	FAIRSINGE M.CR.	DÁTA AN DÍOLACHÁIN	LUACH
Coláiste na nGardai, An Teampall Mór – leas 99 bliain (plota talún) Sr. na Beairice An Teampall Mór TIOBRAID ÁRANN	149,732	03/07/2003	€107,927
Cuan Ros Láir Óstán Devereux & Bungaló Devereux Cuan Ros Láir LOCH GARMAN	-	21/07/2003	€1,854,999
		IOMLÁN	**€1,962,926**

MAOIN DON MHOL DIGITEACH, SRÁID THOMÁIS, BAILE ÁTHA CLIATH

Faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha do Mhol Digiteach 2003, aistríodh an mhaoin liostaithe thíos ó Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí chuig an nGníomhaireacht Forbartha do Mhol Digiteach ar an 21 Iúil, 2003.

- Clós DWD
- Cúl 10/14 Sráid Thomáis,
- An talamh faoin áirse ag 14 Sráid Thomáis
- 15-16 Sráid Thomáis
- 7-8, 18A-27 Sráid Thomáis
- 1 Sráid Crane
- 4 Cúirt Thomáis
- 10-14 Sráid Thomáis
- 24 Sráid Thomáis

Níor aistríodh maoin a bhí ceannaithe do MediaLab Europe – Stóras Lus an Leanna agus Teach Daibhche 7 – agus tá sí fós mar mhaoin dílsithe faoi chúram na gCoimisinéirí.

ANAILÍS AR AN MARGADH

Leanadh den chomhdhlúthú sa mhargadh maoine trádála atá le tabhairt faoi deara ó dheireadh bhlianta ardfháis an Tíogair Cheiltigh. Níor thit rátaí ar mhaoin fholamh ach de bheagán i gcaitheamh na bliana 2003. Léiríodh na leibhéil arda sa mhaoin fholamh i margadh na n-oifigí sa raon de thionscnaimh tharraingteacha a bhí á n-ofráil ag tiarnaí talún chun éileamh a spreagadh i margadh an ligin. Léirigh leibhéal na dtionscnamh a ofráladh d'Oifig na nOibreacha Poiblí go soiléir gur aithin infheisteoirí maoine an neart a bhain le cúnant an Stáit le linn do chúinsí geilleagracha a bheith níos déine. Ba é a chruthúnas seo an tsuim a léirigh infheisteoirí in oifigí i mBaile Átha Cliath ina raibh Oifig na nOibreacha Poiblí lonnaithe agus a díoladh i gcaitheamh na bliana 2003.

BAINISTIÚ PHORTFOLIO NA MAOINE

Lean Seirbhísí Bainistíochta Maoine dá bpríomhról .i. a chinntiú go mbeadh an chóiríocht reatha oifige faoi bhainistíocht chúramach. Seachas an cuspóir cuichóiriú a chur ar phortfolio Oifig na nOibreacha Poiblí i leith maoine ar léas, bhí an clár seo díríthe ar chur chuige réamhghníomhach i laghdú stoc fhoirgneamh an Bhoird féin agus i ndeiseanna a aimsiú d'fhorbairt straitéiseach – sampla amháin is ea mórthionscadal An Gheata Bháin ag Stáisiún Heuston i mBaile Átha Cliath – trí bhithín chomhfhiontair agus cur de láimh an farasbarr maoine.

MARGADH AN CHÍOSA

Bhí Oifig na nOibreacha Poiblí mall go leor ag gabháil seilbhe ar chóiríocht bhreise oifige sa bhliain 2003 pointe a léiríonn an laghdú san éileamh a bhí ag Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais ar spás breise.

Ba bheag athrú a tháinig ar phríomh-cheannlínte maidir le leibhéil na gcíosanna ón mbliain 2002 ach ba mhinic deacracht a bheith ag baint lena n-anailísiú i gcomhthéacs na dtionscnamh shainiúil a raibh fáil orthu go minic. Bhí tionchar suntasach, áfach, ag an bhfarasbarr cóiríochta oifige a bhí ar fáil i margadh na n-oifigí sna bruachbhailte ar laghdú sna rátaí ar oifigí san earnáil seo den mhargadh.

Tugann an liosta seo a leanas léargas ar an raon rátaí a d'íoc Oifig na nOibreacha Poiblí ar spás nua a fuarthas sa bhliain 2003 i gceantar Bhaile Átha Cliath:

MAOIN	FAIRSINGE M.CR.	CÍOS € PER ANNUM
94 Faiche Stiofáin	1,875	711,724
Oifig na bPas Baile Brigín	3,024	574,560

ATHBHREITHNIÚ AR CHÍOS

Tá polasaí ar baineadh triail sách minic aisti ag Oifig na nOibreacha Poiblí i leith athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas an chíosa. Déantar socrú le tiarnaí talún más féidir sin nó, más gá, cuirtear faoi bhráid an tríú páirtí é chun teacht ar réiteach neamhspleách.

I bhformhór na gcásanna a raibh athbhreithniú le déanamh orthu i gcaitheamh na bliana thángthas ar shocrú bunaithe ar fhianaise faoi chúlra an mhargaidh mar a bhí i réim ag an am cé go raibh ionchais neamhréalacha fós ag tiarnaí talún i leith luacháil an chíosa a bhain le cóiríocht oifigí i mBaile Átha Cliath, oifigí a bhí níos sine agus den dara glúin. Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí cásanna den sórt sin faoi bhráid eadrána agus tríd is tríd bhíothas sásta leis an toradh. Ba iad seo na torthaí ba shuntasaí ar an athbhreithiú:

MAOIN	CÍOS NUA € DE RÉIR M. CR.
Foirgnimh Nassau, Baile Átha Cliath 2	
Urlár 4	374
Urláir 1, 5 agus 6	365
Teach na Canálach, Baile Átha Cliath 6	340
Teach Park, Baile Átha Cliath 7	
Urlár 4	239
Urlár 2	244

Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí

Tá an tAonad Bainistíochta Saoráidí freagrach go príomha as an mbainistíocht oibríoch as líon áirithe de mhaoin shuntasach an Stáit as a mbaintear úsáid chun saoráidí a sholáthar d'ócáidí agus d'fhéilte an Stáit. Is í bainistíocht Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus a Ionad Comhdhála agus Farmleigh croílár an Aonaid. San áireamh sa mhaoin eile atá faoi bhainistíocht an Aonaid tá Áras an Uachtaráin, coimpléasc Shráid Mhaoilbhríde de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus an Raon Thuaidh d'Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneann. D'fhéadfadh go mbainfeadh roinnt éagsúlachta leis an soláthar seirbhíse ag brath ar thréith na maoine ach de ghnáth, áirítear cothabháil páirce, slándáil, bainistíocht ócáide agus comhordú ginearálta gach seirbhíse atá riachtanach chun an mhaoin a chothabháil agus a fheidhmiú, léi. Tá ról tábhachtach bainistíochta ag an Aonad chomh maith, a bhaineann le saincheisteanna caomhnaithe ábhartha don mhaoin stairiúil agus dá bhfuil inti.

Sa bhreis ar bhainistíocht mhaoine stairiúla an Stáit, tá ról ag an Aonad maidir le pleanáil agus le comhordú fhoráil na seirbhísí bainistíochta saoráidí ag líon áirithe sainfhorbairtí nua lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta nua agus Saotharlanna an Stáit ag Backweston agus an Aonad na Cathrach Thuaidh sa Chúlóg.

FARMLEIGH

Ba í 2003 an dara bliain iomlán ag Farmleigh ag feidhmiú. Tionóladh trí chuairt Stáit ann: Clann Ríoga na Malaeisia, an Yang Di-Pertuan Agong agus an Raja Permaisuri Agong; A Shoilse, an tUasal Johannes Rau, Uachtarán na Gearmáine; A Shoilse, an tUasal Lagos, Uachtarán na Sile. Áiríodh mar chuairteoirí cónaithe eile Ard-Aighne na Breataine, an Tiarna Goldsmith, Leas-Choimisinéir an AE, agus Aire Stáit na hIodáile sa Roinn Airgeadais. Thug Príomh-Aire na Breataine, an tUasal Tony Blair, cuairt ar Farmleigh bhliain 2003 chomh maith.

Tionóladh 83 ócáid Rialtais i Farmleigh le linn na bliana 2003 agus ba 4,305 iomlán na ndaoine a d'freastail ar na hócáidí. Bhí éagsúlacht ag baint leis na hócáidí sin – áiríodh leo dinnéir agus fáiltithe Stáit chomh maith le comhdhálacha agus seimineáir d'ardleibhéal. D'fhan 118 cuairteoir san iomlán i Farmleigh le linn 2003.

Thug 120,888 duine san iomlán cuairt ar Farmleigh faoin rochtain oscailte de chlár an Lae Oscailte – bhí breis agus dúbailt anseo ar an méid daoine a thug cuairt ar Farmleigh sa bhliain 2002. Bhí an t-eastát oscailte ar an Satharn, an Domhnach agus ar na Laethanta Saoire Bainc ón gCáisc go dtí an tSaoire Bainc i mí Dheireadh Fómhair. D'oscail an Caife Boathouse ag Cois Locha Farmleigh chun titim isteach le seoladh an Chláir Chultúrtha i mí Iúil. D'athoscail an tEastát i gcomhair trí dheireadh seachtaine ag an Nollaig agus bhain suas le 12,000 duine (ar a n-áirítear an líon thuas) taitneamh as réimse cóisirí don Nollaig – lena n-áirítear ceol carúil sa Seomra Damhsa, seanchas na Nollag do na páistí, margaí bia agus cóiriú an Tí sa stíl Veicteoireach. Tugadh 346 grupa ar thuras treoraithe ar fud an tí (8,802 duine a áirítear sa líon thuas). Tharla na turais treoraithe seo ar an Luan agus ar an Mháirt san Earrach, sa Samhradh agus sa bhFhómhar. Bhain 31 turas eile úsáid as na cuairteanna speisialta chuig an Leabharlann (466 duine a áirítear sa líon sin).

Chuaigh 10,212 cuairteoir eile (figiúr a áirítear sa líon thuas) cuairt ar ócáidí lenar theastaigh ticéid, go Farmleigh faoin gClár Rochtana Poiblí, 'Ag Farmleigh', a reachtáladh le linn mhí Iúil, mhí Lúnasa, mhí Mheán Fómhair agus mhí Dheireadh Fómhair mar chuid de 22 ócáid chultúrtha cláraithe ar leith a bhain le ceol, gairdíní, bia agus litríocht. Tionóladh 'Ag Farmleigh' chun oiriúint d'ábhar spéise éagsúla agus bhí sé i gceist freisin go rachadh an pobal i dtaithí ar an teach agus ar a thailte mar áit sáimhe, fáilteachais, chuideachtúil agus siamsaíochta. Ghlac go leor de na daoine aitheanta i saol cultúrtha na hÉireann páirt, agus insíodh scéalta Farmleigh trí líon áirithe ócáidí agus imeachtaí, oscailte agus le ticéid araon, lena n-áirítear ceolchoirmeacha, cainteanna, aontaí bia agus leabhar.

Thug 125,777 duine san iomlán cuairt ar Farmleigh le linn 2003, baill an Rialtais agus an Chláir Phoiblí ina measc.

CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

Thug 137,750 duine cuairt ar Árasáin an Stáit sa bhliain 2003. Daoine iad seo a d'fhreastail, astu fein, ar bheagnach 3,300 turas treoraithe de na hÁrasáin.

Thionóil Caisleán Bhaile Átha Cliath 347 ócáid i rith na bliana, lena n-áirítear dinnéir Stáit, comhdhálacha idirnáisiúnta, ceolchoirmeacha agus taispeántais ealaíne. Ba 46,000 duine san iomlán a d'fhreastail ar na hócáidí sin.

Bhí líon na gcuairteoirí agus líon na n-ócáidí a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath níos ísle sa bhliain 2003 ná a bhí sa bhliain 2002. Tharla sé seo mar nach raibh Árasáin an Stáit ná an tIonad Idirnáisiúnta Comhdhála ar fáil d'ócáidí de bharr go raibh ullmhúcháin á ndéanamh d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE ó mhí Eanáir go mí Meitheamh 2004.

AN TOSPIDÉAL RÍOGA, CILL MHAIGHNEANN (RHK)

Bhí bliain rathúil eile ag an RHK sa bhliain 2003 mar láthair gradaim comhdhála agus ócáide. Thionóil an RHK nócha naoi ócáid le linn na bliana ar ar fhreastail beagnach 32, 000 duine. Mheall Dánlann na nuaEalaíona, atá faoi dhíon an RHK, suas le 308,740 cuairteoir.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA, SRÁID MHAOILBHRÍDE

Lean an tAonad Bainistíochta Saoráidí air ag soláthar cothabhála foirgneamh agus seirbhísí slándála ar champas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar Shráid Mhaoilbhríde.

AN TIONAD CATHRACH, THUAIDH, AN CHULÓG

D'oscail an tIonad Cathrach don phobal i mí Aibreán 2003. Ag éirí as comhairliúcháin le grúpaí tionóntaí, cheap an tAonad Bainistíochta Saoráidí cuideachta neamhspleách don bhainistíocht saoráidí, LGM Éireann, d'fhonn an foirgneamh a bhainistiú agus a fheidhmiú.

Tá an tAonad Bainistíochta Saoráidí ag oibriú lámh le LGM d'fhonn a chinntiú go ndéantar bainistíocht agus cothabháil d'ardchaighdeán ar an bhfoirgneamh de thairbhe eagraíochtaí na dtionóntaí agus baill an phobail a bhaineann úsáid as an bhfoirgneamh.

AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA AGUS SAOTHARLANNA AN STÁIT, BACKWESTON, CO. CHILL DARA

Ag éirí as comórtas cuimsitheach sonraithe tairiscintí a d'eagraigh an tAonad Bainistíochta Saoráidí le cuidiú ó chomhairligh sheachracha, roghnaíodh cuideachta bainistíochta saoráidí, Operon, d'fhonn an coimpléasc nua saotharlainne den dearadh is déanaí a bhainistiú agus a chothabháil ar son na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus Saotharlanna an Stáit.

Tá Operon ag tabhairt faoi phacáiste iomlán bainistíochta saoráidí a sholáthar do na Ranna atá mar chliaint, pacáiste a chlúdóidh an réimse iomlán de sheirbhísí crua agus de bhogsheirbhísí.

TAISPEÁNTAIS AGUS IMEACHTAÍ LE LINN 2003 SAN ATRIUM, 51 FAICHE STIOFÁIN

3 – 20 Eanáir	Foirm Svensk
23 Eanáir – 20 Feabhra	An 8ú Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta, Venice Biennale
3 – 19 Márta	Dearadh Intí agus Ceirdeanna
24 Márta – 21 Aibreán	Taispeántas Dealbhóireachta an Bhráthair Seosaimh Mc Nally
23 Aibreán – 6 Bealtaine	An 18ú Taispeántas de Ghradaim Chumann Ailtireachta na hÉireann
7 – 30 Bealtaine	'Cerda' Ceannródaí de Phleanáil Nua Uirbheach – Leathnú Bharcelona
9 Meitheamh – 7 Iúil	An Ghluaiseacht White Stag, Baile Átha Cliath 1938-1955
7 – 14 Iúil	Gradaim Ailtireacht na hÉireann 2003
1 Meán Fómhair – 8 Deireadh Fómhair	Wall
20 Deireadh Fómhair – 2 Samhain	Lundbeck Art Initiative
3 – 20 Samhain	Máistrí an 20ú hAois
3 – 17 Mí na Nollag	Taispeántas 'Dearadh do Chách'

Seirbhísí Cothabhála Maoine

TUAIRISC ACHOIMRE DE CHAITEACHAS OIFIG NA NOIBREACHA POIBLÍ	€
Taispeánann an tábla seo caiteachas ar obair chonartha arna bhainistiú ag na Seirbhísí Bainistíochta Maoine, gan Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta san áireamh	
Cothabháil	30,872,000
Caiteachas Caipitil	32,426,000
Cuntais Chliaint ar Bhainistíocht Ghinearálta	12,528,000
Obair ghníomhaireachta déanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí do Ranna Rialtais	5,409,000
Oibreacha Scoile	8,850,000
IOMLÁN	**90,085,000**

ATHEAGRÚCHÁN NA SEIRBHÍSE COTHABHÁLA MAOINE

Tá trí sprioc leagtha amach ag an gclár reatha athraithe atá laistigh den tSeirbhís Chothabhála Mhaoine:

a) Córas conarthaí íostarraingthe ar fud na tíre d'fhonn tabhairt faoi chothabháil agus mionriachtanais nua oibreacha

b) Seirbhís lántiomnaithe chothabhála don mhaoin oidhreachta taobh istigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ról Sheirbhís Chothabhála Foirgneamh (BMS) a ath-shainmhíniú

c) Seirbhís réamhghníomhach chothabhála trí chláir bhliantúla oibre a forbraíodh ó chigireachtaí rialta ar mhaoin an Stáit.

a) Conarthaí Íostarraingthe

Tá tairiscintí don chéad tionscadal phíolótach faighte agus measta tar éis phróisis leathan pleanála le haghaidh na gconarthaí. Tá na chéad chonarthaí i gceantar Bhaile Átha Cliath, lena mbaineann dhá cheantar áirithe (Baile Átha Cliath thuaidh agus theas), bunaithe ar cheantair gheografacha atá faoi mhaoirseacht faoi láthair ag Oifigí Réigiúnacha Bhaile Átha Cliath de chuid Oifigí na nOibreacha Poiblí.

Tá an Rannóg Chothabhála Maoine ag obair chomh maith leis an Rannóg Mheicniúil agus Leictreachais d'fhonn conarthaí cosúla íostarraingthe a chur i bhfeidhm chun réiteach a fháil ar riachtanais mheicniúla agus leictreachais i gceantair shonraithe, ag tosú le ceantar Bhaile Átha Cliath. Is é an sprioc atá leagtha amach ná go mbeadh tairiscintí ligthe amach i gcomhair na hoibre faoi lár 2004.

b) Seirbhís Chothabhála Foirgneamh – Maoin Oidhreachta i gCeantar Bhaile Átha Cliath

Go dtí seo ba ghnách le BMS tabhairt faoi thascanna éagsúla a chlúdaíonn réimse an-leathan de cheantair. Cé go ndearnadh, ag leibhéal amháin, grúpáil thart ar scileanna agus ar cheirdeanna sonracha, úsáideann ranna éagsúla Rialtais iad mar acmhainn i gcomhair thionscadal ghearrthéarmach. Tá a gcaidreamh le húsáideoirí éagsúla a seirbhísí tagtha chun cinn ón staid ina rabhadar cheana, trí chuidiú ó mhodhanna bhuiséadú costais agus áis an Rialtais.

Bunaíodh straitéis sa bhliain 2003 ionas go mbeadh lucht oibre BMS in ann díriú ar fhoirgnimh stairiúla/oidhreachta a fheidhmiú agus a bhainistiú. Forbraítear an tsraith scileanna uathúla atá riachtanach d'fhonn an mhaoin stairiúil seo a bhainistiú agus a fheidhmiú go hinmheánach, rud a thug deis do ghluaiseacht ó pholasaí cothabhála imoibríoch go polasaí cothabhála réamhghníomhach bunaithe ar amchláir chothabhála.

Trí fhorbairt scileanna caomhnaithe agus dearaidh den dearadh is déanaí laistigh de phlean inbhuanaithe gnó, is féidir le BMS na seirbhísí seo a sholáthar d'áititheoirí maoine stairiúil.

c) Líonra na nOifigí Réigiúnacha

Tá ról na nOifigí Réigiúnacha á athdhíriú ar an bhfeidhm chothabhála. Críochnaíodh suirbhéanna seachtracha de mhaoin uile an Stáit sa bhliain 2003 agus tá sé leagtha amach go gcríochnófar na suirbhéanna inmheánacha sa bhliain 2004.

Suiteáladh an pacáiste bogearraí arna choimisiúnú ag Visibility sa Rannóg Chothabhála, sna hOifigí Réigiúnacha agus sna Seirbhísí Meicniúla agus Leictreachais. Leis an gcóras seo, córas atá bunaithe ar chóras códála bhunachar sonraí na maoine, is féidir den chéad uair, mar aon leis na costais a bhaineann go díreach le maoin, an obair a leanúint ó thús go críoch. Tá na Seirbhísí Meicniúla agus Leictreachais, agus cúig oifig réigiúnacha agus a n-oifigí ceantair lena mbaineann, ag úsáid an chórais seo.

AN RANNÓG TROSCÁN

Tá ról na Rannóige Troscán laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí ag leathnú. Cuireann an Rannóg Troscán seirbhísí soláthair atá bunaithe ar na prionsabail luach ar airgead, caighdeán, feiliúnacht agus géilliúnacht i leith riachtanas reachtúil lena n-áirítear AE, Sláinte agus Sábháilteacht agus saincheisteanna timpeallachta do Ranna Rialtais/na Seirbhísí Poiblí, lena n-áirítear réimse leathan troscán, táirgí le húrláir a chlúdach agus táirgí bogfheistis, ar fáil.

Tá an Rannóg Troscán tiomanta do sheirbhís den chaighdeán is airde a sholáthar dá custaiméirí agus tá conarthaí íostarraingthe curtha i bhfeidhm aici do Ranna atá mar chliaint aici i gcomhair ghnáththroscán oifige agus i gcomhair chlúdach úrláir. Ullmhaíodh bróisiúr nua daite sa bhliain 2003, do sheoladh agus do dháileadh ar Ranna atá mar chliaint ag an Rannóg Troscán sa bhliain 2004.

Tá an Rannóg Troscán tiomanta do pholasaithe agus do chleachtais timpeallachta den chaighdeán is airde. Cuireadh Tuarascáil Timpeallachta ar Throscán Oifige faoi bhráid Bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí agus glacadh léi. Tá Tuarascáil Timpeallachta ar chúdaí difriúla urláir á hullmhú chun cur faoi bhráid agus chun meastóireacht a fháil uirthi ó Bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí.

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal

Bainistíonn na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal (PMS), le cuidiú ó Sheirbhísí Ailtireachta agus Innealtóireachta Oifig na nOibreacha Poiblí agus disciplíní proifisiúnta na hearnála príobháidí den sórt a bheadh riachtanach, seachadadh de thionscadail nua tógála, athchóirithe, caomhnaithe agus de mhórthionscadail chothabhála ar son Oifig na nOibreacha Poiblí agus a cuid cliant agus custaiméirí.

Deaslabhraíonn na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail, go sonrach, tuiscint an chliaint nó an chustaiméara ar riachtanais d'fhonn cuidiú a thabhairt chun iad seo a sheachadadh in am, taobh istigh den bhuiséad agus de réir an chaighdeáin ailtireachta agus innealtóireachta is airde, de réir géilliúntais le nósanna imeachta Sholáthair an Rialtais agus an AE.

Baineann seachadadh de riachtanais na gcliant agus na gcustaiméirí le forbairt de dhoiciméadú tairiscintí a bhainistiú, le foireann dearaidh a thionól agus a cheapadh, le ceadúnais phleanála atá riachtanach a dhaingniú, le conraitheoirí a roghnú, le forbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar an suíomh agus le costais na dtionscadal a bhainistiú.

CLÁR NA ROINNE GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH

CRÍOCHNAITHE	SA TSIÚL	AG CÉIM PHLEANÁLA
Teach Goldsmith Athchóiriú **Teach Con Colbert** Athchumhdach agus foráil do dhíon agus fuinneoga nua **An Uaimh** Oifig Áitiúil nua a fheistiú		**An Cóbh** Oifig Áitiúil nua – Athchóiriú agus Leathnú **Caisleán an Bharraigh** Oifigí nua Rialtais le tógáil d'fhonn Oifig Áitiúil na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a thabhairt san áireamh **Sligeach** Leathnú ar Oifig na Seirbhísí Pinsin **Bré** Oifig Áitiúil nua a thógáil **Baile Munna** Oifig áitiúil nua a thógáil

Ba **€15,670,000** an caiteachas a bhí ann sa bhliain 2003.

CLÁR SEIRBHÍSE NA GCÚIRTEANNA

Tionscadail críochnaithe sa bhliain 2003:
An Uaimh – Teach Cúirte Sealadach a fheistiú

Tionscadail sa tsiúl sa bhliain 2003:
Teach Cúirte Chathair agus Chontae Chorcaí, Sráid Washington.

Tionscadail ag céim phleanála sa bhliain 2003:
An tAonach, Co. Thiobraid Árann

Coimpléasc na Cúirte Coiriúla, Baile Átha Cliath

Cúirt Dúiche Chorcaí – Leathnú

Eochaill

Tulach Mhót – Athchóiriú agus leathnú

Na Ceithre Chúirt –
Oibreacha Sábháilteacha ar Thine

Bré – Teach Cúirte nua a thógáil

Cúirteanna Dlí Theaghlaigh, Smithfield

Cill Chainnigh

Loch Garman

Droichead Átha

Ba €2,027,800 an caiteachas a bhí ar an gclár seo sa bhliain 2003.

GAIRDÍN NA NAINMHITHE, BAILE ÁTHA CLIATH

Thosaigh obair i mí Deireadh Fómhair na bliana 2003 ar na hionaid nua leithris. Tá an obair le bheith críochnaithe i mí Aibreán na bliana 2004.

Thosaigh obair i mí na Samhna 2003 ar an bhforbairt nua bialainne agus ar shaoráidí foirne. Tá an obair le bheith críochnaithe i mí Lúnasa 2004.

IONAD CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH THUAIDH

Thosaigh obair ar an Ionad, ionad atá roinnte in dhá fhoirgneamh, sa bhliain 2001. Tá meascán d'earnáil an Stáit agus d'earnáil na sochaí ag úsáid an phríomhfhoirgnimh. Ina measc siúd tá oifigí ann do:

- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh
- FÁS, Bord Sláinte an Limistéir Thuaidh
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Comhpháirtíocht Bhaile Átha Cliath Thuaidh
- Ionad Faisnéise Shaoránaigh Bhaile Átha Cliath Thuaidh
- Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla
- Comhairliúchán Airgid agus Seirbhísí Buiséadaithe
- Ionad Dlí Phobal na Cúlóige
- Seirbhísí Idirghabhála don Teaghlach
- Stáisiún áitiúil raidió Near FM

Críochnaíodh na hoibreacha sa bhliain 2003 agus ba €15,569,133 iomlán bhuiséad an tionscadail.

STÁISIÚIN NA NGARDAÍ CÓSTA

Thosaigh obair ar Theach an Stáisiúin nua ag an Díseart, Ard Mór, Co. Phort Láirge i mí Deireadh Fómhair 2002 agus críochnaíodh é i mí Lúnasa 2003 ag an mbuiséad tionscadail de €778,000.

Thosaigh obair ar athchóiriú Stáisiún na nGardaí Cósta sa Trá Mhór i mí Deireadh Fómhair 2002 agus críochnaíodh é ag an mbuiséad tionscadail de €3,231,000.

GARDA BUILDING PROGRAMME

Thug Oifig na nOibreacha Poiblí faoi Chlár Tógála an Gharda Síochána, clár an-rathúil le roinnt blianta anuas. Tá thart ar €88 milliún caite ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar sholáthar cóiríochta nua do na Gardaí agus ar mhórleathnúcháin agus ar athchóiriú a dhéanamh ar sheanStáisiúin Gardaí le deich mbliana anuas. Sa tréimhse idir 2001-2003 caitheadh beagnach €25 milliún. Tá dearadh agus tógáil na n-oibreacha seo den chaighdeán is airde, rud a sholáthraíonn coinníollacha oibre agus na saoráidí iontacha pearsanra do na Gardaí. Tá CCTV in úsáid in go leor de na stáisiúin nua rud a chuidíonn le slándáil phearsanta.

Tionscadail a críochnaíodh sa bhliain 2003:

Rathangan, Co. Chill Dara – Aonad Bunúsach (athchóiriú na seanscoile)

Ceanncheathrú Cheantar Bhaile an Róba, Co. Mhaigh Eo

Cill Mhichil, Co. an Chláir – Aonad Bunúsach

Sráid an Mhuilinn (Páirc Ghnó Lios báin), Co. na Gaillimhe – Breis cóiríochta

Áitreabh Talbot, Seantreabh, Baile Átha Cliath 9. Cuid II. Saoráidí breise do na Gardaí

Conarthaí a tugadh go suíomh sa bhliain 2003:

Ceanncheathrú Cheantar Mhainistir na Féile, Co. Luimnigh

Ceanncheathrú Cheantar Bhéal an Átha, Co. Mhaigh Eo

Baile Choitín Co. Chorcaí – Aonad Bunúsach

Ceanncheathrú Cheantar Bhaile Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall

Ceanncheathrú Cheantar Bheanntraí, Co. Chorcaí

Ceanncheathrú Cheantar Dhún Dealgan – Leathnú agus athchóiriú

Ceanncheathrú na nGardaí Síochána, Páirc an Fhionnuisce – Fo-stáisiún

Stáisiún Gardaí Longwood, Co. na Mí – Aonad Bunúsach

Ceanncheathrú Cheantar Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

Ceanncheathrú Cheantar An Teampaill Mhóir, Co. Thiobraid Árann

Mórscéimeanna sa tsiúl 2003 (áirítear costas):

An Stór Náisiúnta - €2 milliún. I ngar a bheith críochnaithe

Schengan – Ceanncheathrú na nGardaí - €3.5 milliún. Tús curtha le tógáil

Le bheith críochnaithe i mí na Nollag 2004

Ceanncheathrú Rannach na nGardaí i mBaile Munna - €10 milliún. Ag an stáid pleanála

Tionscadail ag Céim Phleanála 2003:

Cairbre/Derrinturn Co. Chill Dara – Aonad Bunúsach

Ceanncheathrú Cheantar na nGardaí, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comain – Leathnú /athchóiriú

Ceanncheathrú Cheantar na nGardaí, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo – Ceanncheathrú Ceantair

Stáisiún Gardaí Donard, Co. Chill Mhantáin – Aonad Bunúsach

Ceanncheathrú Cheantar na nGardaí, Scoil Mhuire, Co. Chorcaí – Ceanncheathrú

Ceantair Stáisiún na nGardaí, Áth na nUrlann, Co. Chill Chainnigh – Aonad Bunúsach

Stáisiún Gardaí Sr. Anraí, Co. Luimnigh – Leathnú/athchóiriú

An Baile Gaelach, Baile Átha Cliath 4 – Stáisiún Gardaí sa tStíl Chathrach

Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara – Stáisiún Gardaí sa tStíl Chathrach

Uarán Mór, Co. na Gaillimhe – Stáisiún Gardaí sa tStíl Chathrach

Baile an Gharraí, Co. Luimnigh – Aonad Bunúsach

CLÁIR DO THIONSCADAIL SPEISIALTA

Lean an obair ar Shaotharlann an Stáit agus ar thionscadail Shaotharlanna na Roinn Talmhaíochta agus Bia a chosain €200 milliún ag Feirm Backweston sa bhliain 2003. Tá na conarthaí le críochnú i mí Aibreán 2004 agus i mí Eanáir 2005 faoi sheach. Cuireadh Ceanncheathrú Institiúid nua Muirí atá 11,000 méadar cearnach (beagnach) in Uaran Mór, Co. na Gaillimhe ar chonradh níos deireanaí sa bhliain 2003, agus tá tús curtha leis an obair ar an suíomh. Tá tús curtha freisin le hobair ullmhúcháin ar fhoráil na saoráide nua feirme ag Feirm Longtown, Claonadh, Co. Chill Dara don Roinn Talmhaíochta agus Bia. Críochnaíodh feistiú cóiríochta oifige beagnach 950 méadar cearnach don Roinn Airgeadais ag 2-4 Rae Mhuirfean le linn na bliana.

Lorgaíodh Léiriú Suime i mí na Samhna 2003 (le filleadh i mí Eanáir 2004) d'fhoráil Ionad Náisiúnta Comhdhála le 2000 suíochán.

Cuireadh iarratais phleanála d'fhorbairtí Geata Heuston agus An Geata Thiar ag Bóthar Eoin/ ag an mBóthar Míleata chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar chuid de 'Chlár Trasfhoirmithe Shócmhainní Stáit' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá an costas iomlán do na forbairtí measta ag €400 milliún. Cuireadh isteach iarratas pleanála d'fhorbairt mholta oifige de bhreis agus 4,000 méadar cearnach don Roinn Airgeadais ag 7-9 Rae Mhuirfean/ Billets Míleata i mí Iúil. Fuarthas iarratas ar bhreis faisnéise ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus táthar i mbun a chríochnaithe.

Lean forbairt dearaidh ar feadh na bliana don Ionad Sábháilteachta Bia 11,000 méadar cearnach (go neasach), atá molta, mar aon le hobair ar an aighneacht d'iarratas pleanála i gcomhair forbartha oifige den tstíl chineálach de chóiríocht 3,500 méadar cearnach (go neasach) ag 5-7 Cearnóg Merrion.

Lean an tAonad air ag gníomhú mar Chomhairleoirí Teicniúla don Roinn Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta agus, ar an tuiscint seo, críochnaíodh measúnú ar Staidéar Féidearthachta IRFU/FAI Bhóthar Lansdúin do Staidiam nua i mí na Nollag 2003. D'fheidhmigh an tAonad chomh maith mar Chomhairleoirí Teicniúla d'Fhiontraíocht Éireann maidir le foráil a ceanncheathrú nua i nGlas Naíon. (Tá an tionscadal seo curtha ar athlá de bharr fógra Dhílárnaithe de chuid an Rialtais. Seoladh foilseachán a léiríonn an Comórtas Idirnáisiúnta Ailtireachta agus Dearaidh Uirbhigh do Chéanna thuaidh Phort Láirge le linn na bliana, chomh maith le múnla d'Fhoirgneamh Láithreach Chéanna Thuaidh Phort Láirge.

Osclaíodh an tIonad Náisiúnta Uisceach agus Fóillíochta i Márta na bliana 2003. D'fheidhmigh an tAonad mar Chomhairleoirí Teicniúla don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta maidir leis an tionscadal seo. Thionóil an tIonad ócáidí uisceacha rathúla do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta i samhradh na bliana 2003 agus Craobh Gearrchúrsa na hEorpa i mí na Nollag 2003.

Chuidigh an tAonad leis an mBord Lárnach Iascaireachta ina mheasúnú ar na saincheisteanna a bhaineann leis an bhféidearthacht atá ann go ndéanfaí athlonnú sealadach/buan air óna chóiríocht mhíshásúil reatha i nGlas Naíon. Áiríodh athlonnú buan an Bhoird chomh maith le hathlonnú Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann i bhfógra Chlár Dílárnaithe an Rialtais i mí na Nollag 2003. Tá an Roinn Sláinte fós ag déanamh macnaimh ar athlonnú Shaotharlann an Anailísí Phoiblí.

CRÍOCHNAITHE	SA TSIÚL	CEADÚNAS PLEANÁLA/ STÁID TAIRISCÍNTÍ	AG CÉIM PHLEANÁLA
Feistiú 2-4 Rae Mhuirfean don Roinn Airgeadais. Seoladh de Mhúnla Foirgnimh Láithrigh Chéanna Thuaidh Phort Láirge Seoladh d'Fhoilseachán Chomórtas Idirnáisiúnta Ailtireachta agus Dearaidh Uirbhigh Chéanna Thuaidh Phort Láirge	Athlonnú Saotharlanna na Roinne Talmhaíochta agus Bia ó Bhaile na nAb go Backweston Athlonnú Shaotharlanna an Stáit ó Bhaile na nAb go Backweston Athlonnú na hInstitiúide Muirí go Gaillimh.	Foráil chóiríochta don Roinn Airgeadais ag 7-9 Rae Mhuirfean Forbairtí molta An Gheata Thiar agus Geata Heuston ag suímh Bhóthar Eoin agus Bhóthar Míleata	Saoráid Feirme na Roinne Talmhaíochta agus Bia ag Longtown An tIonad Náisiúnta Comhdhála Foráil d'Ionad Sábháil-teachta Buaine Bia, don Roinn Talmhaíochta agus Bia ag Backweston. Forbairt ag 5-7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath

Ba **€81,353,479.52** caiteachas iomlán an Aonaid sa bhliain 2003.

CLÁR CUICHÓIRITHE OIFIGE

CRÍOCHNAITHE I 2003	SA TSIÚL	AG CÉIM PHLEANÁLA
An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Teach Iveagh, (Cuid C), athchóiriú Gnóthaí Eachtracha Sr. Fhearchair, athchóiriú Gnóthaí Eachtracha Oifig Táirge Pas, Baile Brigín. Feistiú Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí. Lárionad Ordaithe agus Smachta Cearnóg Fhearchair Dún Eilís, Corcaigh. Cuid II & Cuid III, Clár na nOibreacha Éigeandála Cosaint Shonraí – Lárionad Irish Life, Feistiú An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Bóthar Mespil – athchóiriú (Cuid I)	Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí, Saotharlann na hEolaíochta Fóiréinsí, Foirgneamh réamhdhéanta Oideachas agus Eolaíocht. Foirgneamh NEP Punch's Cross, Luimneach Teach Lansdúin. Athchóiriú na bpríomháiteanna	Cartlann na Talún, Seantreabh, Saoráid Stórais Seirbhís phromhaidh agus Leasa. Teampall San Nicoláis, Corcaigh Athchóiriú Talmhaíocht agus Bia. Oifig tréidliachta an nuacheantair, Droim Sean Bhó, Co. Liatroma Ceardlann nua Oifig na nOibreacha Poiblí, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo Iompar. Lárionad na Tástála Tiomána, Bóthar Sáirséil, Corcaigh An Roinn Iompair – Lárionad na Tástála Tiomána, Fionnghlas, Baile Átha Cliath Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Bloic 8 –10, Caisleán Bhaile Átha Cliath. Clárlann na Talún – Sráid an Teampaill/Lána an Chrochadóra Caisleán Bhaile Eoin, Co Loch Garman –Cóiriú an dín

Ba **€33,859,000** caiteachas iomlán an Chláir sa bhliain 2003.

Sa bhreis air seo tugadh faoi obair do ghníomhaireachtaí eile ar bhonn athíocaíochta.

Bhí feistiú oifigí i mBaile Átha Cliath don Oifig Náisiúnta Leanaí, an Coimmisiún Sláinte Intinne san áireamh sna tionscadail a críochnaíodh.

Áirítear leis na tionscadail ag céimeanna pleanála feistiú de pháirt-áitreabh i dTamhlacht don Bhord Measúnaithe um Dhíobháil Phearsanta, athchóiriú oifigí an Bhoird Uchtaithe i dTeach Síol Bhroin, Baile Átha Cliath agus forbairt nua don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i gCill Chainnigh.

Críochnaigh Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail, de réir a gcumais mar ghníomhairí do Theagasc, obair ar a saotharlann agus ar a bhforbairt oifige nua ag Oakpark i gCeatharlach. Táthar ag siúl go gcríochnófar obair atá ar bun ag Moorepark, i Mainistir Fhear Maigh, Co. Chorcaí, forbairt €4 milliún, i mí Aibreán 2004.

CÓIRÍOCHT OIFIGE

Críochnaíodh na Tionscadail Chóiríochta Oifige le linn na bliana 2003:

- Oifigí Rialtais, Port Láirge
- Coimisiún Craolacháin na hÉireann – Ceanncheathrú Nua Corparáideach
- Vótáil Leictreonach don Seanad

Críochnaíodh na tionscadail athchóirithe/ feistithe oifige le linn na bliana 2003:

- Teach Ardilaun, Bloc C, Ioncam agus Fáiltiú agus Gníomhaireacht Comhréimnithe
- Faiche Stiofáin, An Roinn Dlí agus Círt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Lárionad Siopadóireachta Dhomhnach Míde, ar son na Seirbhíse Promhaidh agus Leasa
- Oifig na nAchomharc Talmhaíochta, Port Laoise, ar son na Roinne Talmhaíochta agus Bia.

Bhí na tionscadail seo a leanas sa tsiúl le linn 2003:

- Teach Chill Dara. Mórfheistiú ar chóiríocht oifige d'fhoireann an Oireachtais
- Seomra Corpacmhainne agus Naíolann. Saoráidí nua don Oireachtas – le bheith críochnaithe Samhradh 2004.

Bhí na tionscadail a leanas ag céimeanna pleanála le linn 2003:

- Seirbhís Phromhaidh agus Leasa. Oifigí nua i mBaile Bhlainséir, Co. Bhaile Átha Cliath.
- Teach Laighean. Pailliún nua iontrála ag iontráil Shráid Chill Dara.
- Teach Laighean. Plean Forbartha Smachta.
- Teach an Chustaim, Cóbh, Co. Chorcaí. Leathnú nua agus athchóiriú nua.

Bhí na tionscadail seo a leanas ag stáid tairiscintí le linn 2003:

- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Bóthar Mhuileann na Manach, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí.

Ligeadh amach na conarthaí seo a leanas le linn 2003:

- *Athchóiriú agus Athrú ar Theach Thír Eoghain.*

  Ligeadh amach conradh ar an 3 Márta 2003, den mhéid €4,429,751.12 móide CBL, d'oibreacha athraithe agus athchóirithe de Theach Thír Eoghain, foirgneamh atá ainmnithe ag an Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

- *Feistiú Gheata na nDuganna, Gaillimh*

  Feistiú de thart ar 3066 méadar cearnach de spás oifige don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe ag Geata na nDuganna, Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh. Ligeadh amach an conradh ar an 28 Samhain 2003 den mhéid €2,516,972 móide CBL.

- *Feistiú Ashtowngate*

  Feistiú 6195 méadar cearnach de spás oifige ag Bloc D, Ashtowngate, Baile Átha Cliath 7, do na Coimisinéirí Ioncaim. Ligeadh amach an conradh ar an 7 Márta 2003 den mhéid €3,777,800 móide CBL. Eisíodh teastas críochniúcháin phraiticiúil ar an 5 Meán Fómhair 2003.

- *Saotharlann Réigiúnach Tréidliachta – Cúsán*

  Tógáil scipe as féin/stóras/saoráidí níocháin nua le hoibreacha modhnuithe sa tsaoráid reatha do scrúduithe iarbháis. Ligeadh amach an conradh ar an 16 Meán Fómhair 2003 den mhéid €667,473 móide CBL.

- *Oifig Rialtais, Ros Comáin*

  Ligeadh amach an conradh ar an 28 Iúil 2003 den mhéid €10,082,536. Tionscadal tógtha de réir dearaidh d'fhoráil Oifigí nua Rialtais (thart ar 5,000 méadar cearnach) ar shuíomh Chlochar na Trócaire, Baile Ros Comáin, don

  Roinn Sláinte agus Leanaí – Ard-Oifig Chlárúcháin

  An Roinn Talmhaíochta

  Na Coimisinéirí Ioncaim

  An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh

  An Roinn Oideachais

- *An Roinn Dlí agus Cirt, 94 Faiche Stiofáin. Feistiú.*

  Áiríodh leis an obair feisitiú de 1859 méadar cearnach de spás oifige don Roinn Dlí agus Cirt. Ligeadh amach an conradh ar an 16 Iúil 2003 den mhéid €1,213,455 móide CBL, agus críochnaíodh an obair faoi mhí na Nollag 2003.

- *An Roinn Dlí agus Cirt, Bóthar Síol Bhroinn. Feistiú.*

  Áiríodh leis an obair feistiú de 3346 méadar cearnach de spás oifige don Roinn Dlí agus Cirt. Ligeadh amach an conradh ar an 16 Iúil den mhéid €1,587,966 móide CBL, agus críochnaíodh an obair faoi mhí na Nollag 2003.

UISCEBHEALAÍ ÉIREANN

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí tús le hullmhúcháin sa bhliain 2003 d'fhoráil Sheirbhísí Ailtireachta agus Bainistíochta Tionscadal do chlár oibreacha d'Uiscebhealaí Éireann.

- Scairbh, Co. an Chláir. Ceanncheathrú nua réigiúnach
- Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma. Ceanncheathrú nua réigiúnach
- Baile Thomáis, Co. na hIarmhí. Cóiríocht oifige nua agus foirgnimh nua chothabhála.
- Port Omna, Co. na Gaillimhe. Cóiríocht oifige nua agus foirgnimh nua chothabhála

CLÁR SHEIRBHÍS NA BPRIOSÚN ÉIREANNACH

SA TSIÚL	AG CÉIM PHLEANÁLA
Seirbhís na bPriosún Éireannacha– Priosún Phort Laoise Glais ar Gheataí	Seirbhís na bPriosún Éireannach Priosún Phort Laoise Bloc C
Seirbhís na bPriosún Éireannach – Priosún Luimnigh Sciathán C	Tógáil Droichid chuig Oileán Spíce

CLÁR DHÚCHAIS /INSTITIÚIDÍ CULTÚRTHA

CRÍOCHNAITHE	SA TSIÚL	AG CÉIM PHLEANÁLA
Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann, Beairic Uí Choileáin, Bloc 14 – Saoráid nua Stórais do Bhailiúchán Náisiúnta Troscán	Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann, Páirc Thurlaigh – Athchóiriú Clóis	Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Uimh. 5 Sráid Laighean Theas Athshlachtú
Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Athshlachtú ar an nGailearaí Phortráide	Taispeántas James Joyce do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann, Beairic Uí Choileáin, Athshlachtú ar an Scoil Mharcaíochta
Athshlachtú ar 4 Sráid Chill Dara do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	Suiteáil Slándála sa Cheoláras Náisiúnta	Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann, Beairic Uí Choileáin, Foirgneamh Lárnach nua
Suiteáil chórais spréiteora i 5 Sráid Chill Dara do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	Athshlachtú ar thithe tábhairne an Cheolárais Náisiúnta	Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann, Beairic Uí Choileáin, Taispeántas ar Stair Mhíleata
Athshlachtú na n-ardaitheoirí san Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneáin	Athshlachtú ar 44-45 Cearnóg Mhuirfean do Chartlann Ailtireachta na hÉireann	Foirgneamh Oibríochtaí do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Oibreacha Slándála i Leabharlann Marsh	Páirc Náisiúnta Chonamara– Pailliún Nua Iontrála	Oibreacha Slándála agus Oibreacha cosanta ar thinte san Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneáin
Achaidh an Chéide – Leathnú ar Ionad na gCuairteoirí	Páirc Náisiúnta Staire Dhoire Fhionnáin– Saoráidí Foirne	Cora Finn, Páirc Náisiúnta agus Seirbhís Fiadhúlra – Cóiríocht Oifige
Teach Fota – athchóiriú Ghairdíní Pléisiúir	Faiche Stiofáin– Saoráidí Foirne	Oileán Gharinis – Saoráidí Foirne
Mainistir Jerpoint – Leathn uchán ar Ionad na gCuairteoirí	Athchóiriú Theach na Pailme, Garraithe Náisiúnta na Lusanna, Glas Naíon	Ionad Cuairteoirí Mhainistir Shligigh– Leathnúchán
Teach Knockreer – Díon as an nua		
Páirc an Fhionnuisce – Suirbhé ar na Lóistí		
Páirc an Fhionnuisce– Athshlachtú Gheata Lóiste an Fhaoitigh		
Iarsmalann an Phiarsaigh, Scoil Éanna, – Díon as an nua –		

Caitheadh €13.4m san iomlán sa bhliain 2003.

CLÁR FÓIRITHINTE TUILTE

Déanann na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail bainistiú ar chlár Scéimeanna Fóirithinte Tuilte Oifig na nOibreacha Poiblí. Reachtáiltear na scéimeanna go ginearálta faoi réir an Achta um Dhraenáil Artaireach, 1945 agus faoi réir an Achta Leasaithe um Dhraenáil Artaireach, 1995. Scéimeanna fóirithinte tuilte uirbeacha is mó atá sa chlár seo a reachtáiltear i bpáirtíocht le húdaráis áitiúla. Le blianta beaga anuas tá ardú san éileamh ó údaráis áitiúla agus ón bpobal go ginearálta i gcomhair scéimeanna le tabhairt faoin ardú atá ag teacht ar mhinicíocht na dtuilte.

Leanadh den tógáil ar mhórthionscadail i gCill Chainnigh agus i gCarraig na Siúire agus tá an ceann deireanach seo críochnaithe anois. Bhain caiteachas de thart ar €14millliún le tionscadal Chill Chainnigh amháin sa bhliain 2003. Tá na hOibreacha Eatramhacha um Maolú Tuilte ar abhainn na Tulchann i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i gCo. na Mí ar aon a rinneadh trí shaothar díreach Oifig na nOibreacha Poiblí, ionann is críochnaithe anois ar chostas isteach is amach le €2milliún. Leanadh d'oibreacha freisin trí shaothar díreach ar abhainn Morrell, Co. Chill Dara.

Lean Oifig na nOibreacha Poiblí dá n-iarrachtaí na Scéimeanna a bhí beartaithe do Chluain Meala, do Bhaile Cheatharlaigh agus do Chathair Phort Láirge a bhrú chun cinn. Táthar ag súil go mbeidh réiteach go luath sa bhliain nua ar cheisteanna a ardaíodh fad is a bhí na Scéimeanna seo ar Taispeántas Poiblí agus a ardaíodh le linn cainteanna leis na hudaráis lenar bhain.

Críochnaíodh tuarascálacha innealtóireachta i dteannta dhearaidh imlíne le haghaidh Scéimeanna Fóirithinte Tuilte do Mhaigh Eala agus do Mhainistir Fhear Maigh, dhá bhaile atá ar Abha Mhór na Mumhan. Lean Oifig na nOibreacha Poiblí agus Comhairle Baile na hInse dá scrúdú ar Réamhthuarascáil agus ar mholtaí do Scéim Fóirithinte Tuilte in Inis, i gCo. An Chláir.

Cuireadh tús le staidéir réamhfhéidearthachta agus féidearthachta ar abhainn na Sláine, Inis Córthaigh, agus na Tulaí, agus ar abhainn na Maille (An Teampall Mór). Críochnaíodh staidéir a bhí maoinithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus coimisiúnaithe ag an údarás áitiúil lenar bhain ar abhainn na Mornán (Baile Uí Mhornáin, Co. na Mí), agus abhainn an Abhóca (An tInbhear Mór). Cuireadh tús freisin le Staidéar Meastóireachta Riosca ar Chrios Chósta Bhaile Átha Cliath.

Maoiníodh údaráis áitiúla freisin chun oibreacha fóirithinte tuilte a dhéanamh i gCathair Luimnigh (Trá Fhlannchadha), in Áth Luian (abhainn na hAile), Freemount, Contae Chorcaí (Sruthán Freemount), agus áiteanna éagsúla i gCo. Chill Mhantáin.

Rinneadh an réamhobair chun tús a chur le Clár Náisiúnta chun Contúirtí Tuilte a Mhapáil. Beidh soláthár i gCuid 1 den Chlár do tháirgeadh mapaí ar ionaid a bhfuil cáil tuilte orthu agus tá sé i gceist an obair a ligean amach ar chonradh go luath.

Caitheadh iomlán de €20.5 milliún a bhliain 2003.

OIBREACHA AR ABHAINN NA TULCHANN SA BHLIAIN 2003

Éiríonn Abhainn na Tulcha i gCrosbhóthar Choill Mealláin, Co. na Mí agus téann sí i bhfarraige ag Fionnradharc i mBaile Átha Cliath. Tá 14,150 heicteár in abhantrach na habhann agus tá sí 33.3 ciliméadar ar fhad. Síneann sí trí cheantair riaracháin Chomhairle Contae na Mí, agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is as an ainm Gaeilge 'An Tulca' a chiallaíonn An Tuileadh a ghabhann an abhainn a hainm.

Tá cáil mhór na dtuilte ar an abhainn agus tharla na heachtraí tuilte is deireanaí ar an 6 Samhain 2000 agus ar an 14/15 Samhain 2002. Tá tuileadh na bliana 2000 rangaithe mar thuileadh 20 bliain, agus is mar thuileadh 100 bliain atá tuileadh na bliana 2002 rangaithe. Ba é toradh thuilte na Samhna 2002 i gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go raibh fuarlaigh go forleathan thart ar Ghlas Naíon, ar Dhroim Conrach, ar Bhóthar Richmond agus ar Bhóthar na Drioglainne.

Sna laethanta díreach tar éis an 14/15 Samhain 2002, rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iarratas ar Oifig na nOibreacha Poiblí obair éigeandála a dhéanamh ar chúl na thithe 112/114 Bóthar na

Tulchann. Bhí an falla teorann ar bhruach dheis Abhann na Tulchann arbh é cúlfhalla teorann na dtithe seo é, tar éis titim agus b'éigean na daoine a aslonnú as na tithe. Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí obair athchóirithe éigeandála ar bhruach na habhann. D'fhonn seo a dhéanamh b'éigean os cionn 400 tonna cloch a thabhairt isteach agus a leagan i gceantar a bhí fíorchung. Tógadh falla nua teorann agus cuireadh coiríocht d'ardchaighdeán ar ghairdíní na dtithe.

Le linn do na hoibreacha éigeandála a bheith ar bun thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi nós imeachta pleanála faoi réir Pháirt 8 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 chun sceideal Oibreacha Eatramhacha Tuilte a chur sa tsiúl. Baineadh na hoibreacha eatramhacha seo amach as an Staidéar ar Thuilte Abhann na Tulchann a bhí idir lámha, cuid den Staidéar Straitéiseach ar Dhraenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (SSDBAC). Beartaíodh go ndéanfadh Oifig na nOibreacha Poiblí an obair eatramhach faoin reachtaíocht seo ar son Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Bhí 500 méadar líneach de mhóta agus 200 méadar d'fhalla le tógáil, droichead nua coise le cur in áit an tseanchinn, comhlaí plapacha le suiteáil i sruthanna ealaithe sainnithe agus an t-uafás cothabhála le déanamh ar an gcainéal. Cuireadh tús leis an obair seo i mí Feabhra 2003 agus bhí formhór na hoibre críochnaithe faoi mhí na Nollag 2003.

De réir mar a bhí Páirt 8 de na hOibreacha ag dul ar aghaidh i gceantar Chomhairle Cathrach Baile Átha Cliath, thug Comhairle Contae na Mí freisin faoi nós imeachta pleanála faoi réir Pháirt 8 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 chun sceideal Oibreacha Eatramhacha Tuilte a chur sa tsiúl. Arís baineadh sceideal na n-oibreacha eatramhacha seo amach as an Staidéar ar Thuilte Abhann na Tulchann. Mar chuid den obair eatramhach seo bhí dhá chiliméadar de mhóta (ar theastaigh 22,00 méadar ciúbach d'ábhar a thabhairt isteach lena aghaidh), le tógáil, Seandroichead Iarnróid le neartú faoina íochtar ionas gurbh fhéidir leibhéal íochtar na habhann a ísliú 1.5 méadar eile sa bhreis, boscaí-líntéir réamhdhéanta 4.0 méadar ar leithead faoi 3.6 méadar ar airde a chur in áit an stuadhroichid saoirseachta a bhí ann; Sruthán an Chaisleáin (cuid d'abhainn na Tulchann a ritheann trí Dhún Bóinne i gCo. na Mí) le leathnú/athghrádú dhá chiliméadar síos le taobh na habhann.

Cuireadh tus leis an obair seo i mí Iúil 2003. Go dáta tá an obair thógála ar an móta, neartú an droichid, an droichead nua agus thart ar 50% den obair ar an gcainéal, críochnaithe. Tá an chuid eile den obair le bheith críochnaithe sa bhliain 2004.

Chríochnaigh Comhairle Contae Fhingail próiseas Pháirt 8 den sórt seo le gairid agus tá sé i gceist an obair seo a dhéanamh sa bhliain 2004.

ATHBHREITHNIÚ AR PHOLASAÍ TUILTE

D'fhógair an tAire Stáit, Tom Parlon, TD, ar an 27 Samhain 2002, go rachfaí chun cinn le hathbreithniú leathan ar pholasaí na fóirithinte tuilte chun na pointí seo a leanas a scrúdú:

- Cúiseanna leis na tuilte agus an réimse a chlú daigh siad
- Tionchar na dtuilte, go ginearálta, ar ranna éagsúla den tsochaí, mar shampla feirmeoirí, úinéirí tí agus gnólachtaí
- Cé mar ba chóir don stát gníomhú i leith chatagóirí éagsúla de thuilte agus na moltaí ba chóir dó a dhéanamh maidir leis na gníomhaireac taí ar chóir dóibh freagracht a ghlacadh astu i ngách cás
- Na critéir maidir le tosaíocht a thabhairt ó chaiteachas idir na cláir ghníomhaíochta agus laistigh de chláir de réir mar atá oiriúnach
- Réim agus leordóthaineacht na gcumhachtaí reatha agus na bpróiseas agus moltaí i leith aon athrú nó i leith aon chumhacht nua nó breise a mheasfaí a bheadh riachtanach
- Straitéis a aimsiú chun bainistiú a dhéanamh ar aon ardú a d'fhéadfadh teacht ar an méid áiteanna atá i gcontúirt ó thuilte agus tagairt faoi leith á dhéanamh dá bhfuil á thuar anois faoi thionchar na n-athruithe aeráide
- Na critéir chun tosú ar Scéimeanna Daonch abhrach sa todhchaí.

Bunaíodh grúpa ar a bhfuil ionadaithe ó Oifig na nOibreacha Poiblí; na Ranna Airgeadais; Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil; Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha;

Talmhaíocht agus Bia; Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach; Cónaidhm na nGnóthaí agus na bhFostaithe Éireannacha; agus Cumann na bhFeirmeoirí chun scrúdú a dhéanamh ar na téarmaí tagartha agus tuairisciú orthu.

Tháinig An Grúpa, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit, Tom Parlon, TD, le chéile naoi n-uaire idir Eanáir 2003 agus Samhain 2003 agus cuireadh an dréacht-tuarascáil deireanach le chéile i mí na Nollag 2003.

Nuair a tháinig an Grúpa le chéile den chéad uair i mí Eanáir 2003 aontaíodh ar phróiseas comhairliúcháin poiblí. Tugadh cuireadh don phobal aighneachtaí a chur isteach trí fhógraíocht a dhéanamh ar na meáin ar an 24 Eanáir 2003. Chuathas i dteagmháil go díreach le gach ceann de na húdaráis áitiúla, le líon áirithe de na gníomhaireachtaí Stáit agus le gníomhaireachtaí deonacha agus tugadh cuireadh dóibh aighneachtaí a chur isteach chuig an nGrúpa. Fuarthas 71 aighneacht scríofa, san iomlán, ó gach cuid den tsochaí. Tar éis don dáta deireanach le haghaidh aighneachtaí a bheith caite thionóil baill den Ghrúpa Athbheithnithe cruinnithe freisin le 14 de phríomheagraíochtaí/de phríomhghrúpaí chun cainteanna ar cheisteanna ar leith a éascú.

Seoladh an dréacht-tuarascáil chuig gach aon cheann de Ranna agus d'Oifigí Rialtais i mí Eanáir 2004 chun a mbreith a thabhairt air. Táthar ag súil go gcuirfear faoi bhráid an Rialtais é i mí Feabhra agus foilseofar go luath ina dhiaidh sin é ach faomhadh an Rialtais a bheith aige.

Táthar den tuairim gur cur chuige níos iomláine, a bheidh réamhghníomhach agus díríthe ar an abhantrach an cur chuige a bheidh faoi bhainistíocht tuilte in Éirinn sa todhchaí de bharr fheidhmiú an pholasaí agus na moltaí atá sa dréacht-Tuarascáil seo.

AN CLÁR AR ROCHTAIN DO GACH DUINE

I rith na bliana 2003 thug an Clár ar Rochtain do gach Duine tacaíocht don ghníomhaíocht maidir le cúrsaí rochtana a fheabhsú sna foirgnimh ina bhfuil An tSeirbhís Chúirteanna; An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh; An Roinn Airgeadais; An Roinn Oideachais; An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil; An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta; Oifig an Cheannasaí & an Iniúchóra Ginearálta; Institiúid Teangeolaíochta Éireann; An Phríomh-Oifig Staidrimh; agus Údaráis na nGardaí.

Ina theannta sin, rinne Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhpháirt leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí agus an Institiúid um Dearadh agus Míchumas urraíocht ar thaispeántas, Dearadh do gach Duine, a cuireadh le chéile mar aithris ar an seacht bprionsabal don Dearadh Uilíoch mar a chuir an Centre for Universal Design, Ollscoil Stáit Carolina Thuaidh i dtoll a chéile. Thug an taispeántas camchuairt na tíre sa bhliain 2003 mar cheiliúradh ar Bhliain Eorpach na nDaoine le Míchumas.

Ionaid:
Dánlann Hunt, Luimneach
Taispeántas 'Our House', Punchestown
Oifigí Cho. Co. Uibh Fhailí, Tulach Mhór
Oifigí Cho. Co. an Longfoirt, An Longfort
Oifigí Chomhairle Baile na hInse,
An Ghairmscoil, Loch Garman
Ionad Ealaíon Dhún na Másа, Port Laoise
Ionad Vision, Corcaigh
Halla na Cathrach, Gaillimh
Óstan Landmark, Cora Droma Rúisc
An tIonad Ceardaíochta, Clós an Chaisleáin,
Cill Chainnigh
Oifigí Cathrach, Baile Átha Cliath
Oifigí Rialtais, An Gleann, Port Láirge
Atrium, Oifig na nOibreacha Poiblí, 51 Faiche Stiofáin,
Baile Átha Cliath

Taispeánadh Dearadh do gach Duine freisin ag an Taispeántas Teicneolaíochta, ag Malaga Palacio de Ferais, Malaga, sa Spáinn, mar chuid de chion na hÉireann i nDara Comhdháil Eorpach d'Airí le Freagracht as Polasaithe Comhlántacha do Dhaoine le Míchumas.

Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí urraíocht ar ghradam Barrfeabhais i nDearadh Bealaí Rochtana mar chuid de Ghradaim Ailtireacht Éireannach an RIAI.

Ba €2.26m an caiteachas iomlán sa bhliain 2003.

Seirbhísí Ailtireachta

Tá clú agus cáil ar Oifig na nOibreacha Poiblí as an gcaighdeán fíor-ard a bhaineann sí amach mar chleachtadh ailtireachta. Soláthraíonn sí seirbhís chuimsitheach dearaidh agus bainsitíochta tionscadal i gcomhair thionscadal tógála san earnáil phoiblí, seirbhís chaomhnaithe agus chomhairliúcháin agus cuireann sí comhairle neamhspleách ar an Rialtas faoi cheisteanna ailtireachta.

Is cleachtadh ildhisciplíneach é a bhfuil ailtirí agus suirbhéirí cainníochta a oibríonn go dlúth leis na Rannóga Struchtúrtha Innealtóireachta agus Meicniúla agus Leictreachais in Aonad Gnó na Seirbhísí Innealtóireachta, fostaithe aici agus a chuireann seirbhís iomlán ar fáil dá custaiméirí gan chabhair sheachtrach a lorg.

Ta cáil bainte amach ag Seirbhísí Ailtireachta as caighdeán agus proifisiúntacht a gcuid oibre agus mar atá léiríthe ag an iliomad gradam atá bainte amach acu.

Tá forbairt déanta ag an gcleachtadh ar chóras cuimsitheach bainistíochta a bhfuil creidiúnú IOS 9002 faighte aige agus léiríonn na cuntais bhliantúla go seasta go n-oibríonn Seirbhísí Ailtireachta ar bhun farasbarr ainmniúil.

San áireamh sna Seirbhísí a chuirtear ar fáil dá gcustaiméirí tá:

- Soláthar seirbhíse iomlán sa dearadh agus sa bhainistíocht tógála
- Staidéir fhéidearthachta agus tuarascála ar thionscadail
- Forbairt ar an gcéad choimre
- Comhairle maidir leis an gcéad chuid den tógáil agus ar chostais fadsaoil
- Comhairle faoi cheisteanna bainteach le rialacháin phleanála agus thógála
- Comhairle faoi shláinte agus faoi shábháilteacht
- Comhairle faoi mhodhanna caomhnaithe agus na ngnáthamh

Is saineolaí ar roinnt mhaith ábhar é an cleachtadh:

- Cóiríocht nua-aimseartha oifige
- Maoin oidhreachta a chaomhnú agus athchóiriú a dhéanamh uirthi
- Foirgnimh Phriosún
- Foirgnimh an Gharda Síochana
- Oifigí Poiblí agus Ranna Rialtais
- Rochtain phoiblí ag láithreáin oidhreachta

PORTFOLIO TIONSCADAL

Is léiriú ar an obair a bhí idir lámha ag Seirbhísí Ailtireachta luach phortfolio a dtionscadal. Bhí 403 tionscadal san obair a bhí le déanamh sa bhliain 2003 agus luach cumascaithe de €2.06 billiún ag gabháil leo.

Ní dheachaigh gach ceann de na tionscadail chun cinn i rith na bliana mar a bhí leagtha amach ó tharla, sa chuid is mó de na cásanna, go raibh an cliant ag athrú a chuid tosaíochta. Cuireadh 68 tionscadal éigin breise leis an gclár agus ba chúiteamh iad seo, i dtéarmaí táirgíochta de, ar na gnéithe a raibh moill coinnithe orthu. Bhí an t-aschur iomlán mar a bhí leagtha síos don bhliain tugtha chun críche ag deireadh na bliana agus 449 tionscadal ar láimh ar luach iomlán de €2.14 billiún.

FORBAIRT LEANÚNACH PHROIFISIÚNTA (FLP)

Is riachtanas iad an mhonatóireacht agus an fhorbairt ar leibhéil phroifisiúnta inniúlachta lena chinntiú go gcothaítear caighdeán na dtionscadal agus na seirbhíse seachadta mar aon le bheith ina riachtanais don chreidiúnú ISO 9002.

Lean an clár PLF ar aghaidh i gcaitheamh na bliana 2003 agus ar na himeachtaí traenála bhí:

- Turas ar an Dánlann Náisiúnta agus léacht le Benson and Forsythe
- Léacht ar chaomhnú fhoirgnimh den fichiú aois agus cuairt ar Áras Mhic Dhiarmada (John Allen)
- Taispeántas Falla, i gcomhpháirt le Billings Design Associates agus léacht le cois (Sean Billings)
- Sraith de léachtaí ar shláinte agus ar shábháilteacht, in Oifigí na nOibreacha Poiblí i mBaile Átha Cliath agus i ngach aon cheann de na hoifigí réigiúnacha (Bobby Carty)
- Cúrsa Safepass

CLÁR TRAENÁLA CÉIMITHE

Chríochnaigh deich gcéimí ailtireachta a gcuid traenála sa bhliain 2003, an cúigiú bliain de chlár traenála na gcéimithe agus lean deich gcéimí ailtireachta eile agus céimí amháin suirbéireachta cainníochta dá gcuid oibre sna rannóga éagsúla de na hOibreacha Nua agus sna Seirbhísí Cothabhála Maoine.

Cuireann an clár traenála an taithí ar fáil atá riachtanach do scrúdú RIAI/ OE sa chleachtadh proifisiúnta nó don mheastóireacht inniúlachta phroifisiúnta de chuid an RICS, agus fad is a bhí na céimithe istigh sna Seirbhísí Ailtireachta ba mhór mar a chuireadar leis na tionscadail dearaidh agus forbartha éagsúla.

Thug na céimithe cuairt rathúil ar an mBeilg agus ar Pháras i mBealtaine na bliana 2003 agus thugadar cuairt ar Oifigí na nOibreacha Poiblí thar lear; rinne siad poiblíocht ar an obair seo agus ar chlár traenála na gcéimithe trí chruinnithe agus trí chainnteana le hionadaithe ó Rialtas na Fraince.

CAOMHNÚ

Lean an tAonad Caomhnaithe le raon de thionscnaimh taighde ar chaomhnú mar aon le mórthionscadail tógála le caomhnú a chur i gcrích. Áirítear orthu seo:

- Bunachar sonraí ar chloch thógála a fhorbairt i dteannta le Saotharlann an Stáit agus le Suirb héireacht Gheolaíochta na hÉireann
- Obair chaomhnaithe i dtaca le taighde ar ábhar péinteála stairiúil i gcomhaontú le Saotharlann an Stáit
- Clár taighde a fhorbairt agus clár comhoibritheoirí a bhunú chun tabhairt faoi roinnt na hoibre in ábhair a bhaineann go sainiúil leis an gcleachtadh: slándáil ar thine (foirgnimh stairiúla) agsu rochtain; ádhmad mar ábhar struchtúir; starrmhaidí cloiche; gnéithe dealbhóireachta agus snoíodóireachta; gairdíní stairiúla/tírdhreachú.

POLASAÍ NA FORBARTHA INBHUANAITHE AGUS BEALAÍ ROCHTANA DO GACH DUINE

- Tá Grúpa oibre BRDD Oifig na nOibreacha Poiblí (Grúpa oibre i dtaca le Bealaí Rochtana do gach Duine agus Dearadh Inbhuanaithe) ag leanacht dá thaighde maidir le barrchleachtas, modhanna agus caighdeáin do na Seirbhísí Ailtireachta
- Tá Liosta Seiceála Iniúchta an Dearaidh Ghlais, uirlís féin-iniúchta, ar fáil ar an líonra inmheá nach chun cuidiú le próiseas an dearaidh ag céimeanna éagsúla

- Seoladh An Fhoireann Ghlas i mí Iúil na bliana 2003. Baill dheonacha atá ann as gach rannóg d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus as na hoifigí réigiúnacha freisin, agus é d'aidhm acu cleachtais oibre atá níos fearr don timpeallacht agus cur chuige inbhuanaithe a bheith ann i leith na seirbhísí a sholáthraítear

- Tá an Liosta Seiceála Iniúchta ar fáil ar shuíomh líonra inmheánaigh Oifig na nOibreacha Poiblí chun cuidiú le dearthóirí sa rannóg Iniúchta Dear aidh cloí le rialacháin reachtúla reatha tógála

- Tá cúigear déag d'iniúchóirí cáilithe rochtana ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair chun iniúchadh a dhéanamh, ar iarratas ó Roinn Rialtais, ar fhoirgnimh atá i bportfolio maoine an Stáit

Cuireadh an Taispeántas Dearadh do gach Duine, curtha i láthair ag Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhpháirt leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus leis an Institiúid um Dearadh agus Míchumas, ar taispeáint i ionaid éagsúla ar fud na tíre. B'údar airdill an téama Rochtain do Gach Duine a chuir in iúl dúthracht Oifig na nOibreacha Poiblí i bhfeabhsú an chomhshaoil tógtha i dtéarmaí deis inrochtana a bheith ag gach duine. D'éirigh go breá leis an taipeántas agus bhí sé le feiceáil ag an Dara Comhdháil Eorpach d'Airí le Freagracht as Polasaithe Comhlántacha do Dhaoine le Míchumas i Malaga na Spáinne, ar iarratas ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Cuireadh cóip de 'Foirgnimh do gach Duine (iniamh, rochtain agus úsáid)', a d'fhoilsigh An tÚdarás Náisiúnta ar Mhíchumas, ar fáil do gach duine d'fhoireann na Seirbhísí Ailtireachta d'fhonn feidhmiú chaighdeán na mbarrchleachtas reatha a éascú.

Eirbhísí Innealtóireachta

Soláthraíonn an tAonad Gnó seirbhísí innealtóireachta agus comhairle sna réimsí sibhialta, meicniúla & leictreachais agus hidriméadracha a bhaineann lena chlár oibre féin agus le cláir Aonaid Ghnó eile Oifig na nOibreacha Poiblí le cabhair ó fhoireann tarraingthe as raon de dhisciplíní innealtóireachta.

SEIRBHÍS D'ARDCHAIGHDEÁN

- D'éirigh le craobh eile de na Seirbhísí Innealtóireachta, Rannóg an Dearaidh, a n-áit a ghlacadh sa bhliain 2003, i measc na gcraobhacha eile a léirigh dúthracht d'ardchaighdeán seirbhíse custaiméara, trí chreidiunú ISO a ghnóthú

- Tugadh isteach clár monatóireachta ar shástacht chustaiméirí sa Rannóg Draenála mar chuid den chlár leanúnach feabhsúcháin. Séard a bhí i gceist leis seo ceistneoirí a sheoladh amach chuig sampla de thiarnaí talún ar chuir oibríochtaí draenála isteach orthu. Bhí toradh deimhneach ar an aiseolas

- Tosaíodh ag ullmhú d'fhonn creidiúnú a lorg ó scéim thraenála Fhorbairt Leanúnach Phearsanta Institiúid na nInnealtóirí Éireannacha don fhoireann phroifisiúnta agus theicniúil

COIBHNEASÚ

Rinneadh roinnt cleachtaí píolótacha chun leibhéal na saoirí breoiteachta agus na dtimpistí sa Rannóg Draenála a chur i gcomparáid le sonraí atá ar fáil ar oibríochtaí comparáideacha go náisiúnta. Léiríodar seo go raibh na leibhéil sin ag tarraingt go sásúil leis an meán náisiúnta ábhartha.

Ba iad seo a leanas príomhimeachtaí agus aschur na Seirbhísí Innealtóireachtaí i gcaitheamh na bliana seo caite.

COTHABHÁIL DRAENÁLA

	RÉIGIÚN AN OIRTHIR		RÉIGIÚN AN IARTHAIR		RÉIGIÚN AN IARDHEISCIRT		IOMLÁN	
	2002	2003	2002	2003	2002	2003	2002	2003
Príomhchainéil (cm)	73	62	65	203	52	69	190	334
Mionchainéil (cm)	819	869	579	549	492	552	1890	1970
Droichid deisithe	19	7	21	43	105	51	145	101
Athsholáthar Droichead	18	22	15	26	9	5	42	53
Feidhmiúcháin i bhforbairt droichead	48	57	9	17	108	33	165	107
Foireann Oibre (faoi 31 Nollaig 2003)	115	119	98	98	74	73	287	290
Caiteachas ar chothabháil (€m)	5	4.6	4.2	4.3	3.9	4.4	13.1	13.3

Mar chuid dá polasaí i dtaca le laghdú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil lean an Rannóg Draenála de choimisiúnú an Bhoird Lárnaigh Iascaireachta chun staidéir a dhéanamh ar chur chuigí trialacha i leith oibríochtaí draenála agus chun cúrsaí traenála i modhanna in íogaireacht chomhshaoil, a chur ar fáil.

SCIORRTHAÍ TALÚN I DTUAISCEART CHONTAE MHAIGH EO

Thug Oifig na nOibreacha Poiblí cúnamh ar an bpointe boise do Chomhairle Contae Mhaigh Eo tar éis na sciorrthaí talún a tharla i gceantair Pholl an Tómais agus Ghleann Gad i dTuaisceart Mhaigh Eo ar an 19 Meán Fómhair 2003. Glanadh an dríodar tuilte agus an láib a bhí thart timpeall ar thithe príobháideacha, ar chlósanna feirme, ar bhóithre áise agus cuireadh aon bhac a bhí sna cúrsaí uisce de leataobh. Tugadh faoi bheartais chóirithe fadtéarmacha ansin de réir mar a bhí molta ag comhairleoirí Chontae Mhaigh Eo. Orthu seo bhí obair athchóirithe agus chobhsaíochta ar na haibhneacha agus ar na srutháin áitiúla agus draenacha a oscailt ar shleasa an tsléibhe chun an t-uisce a cheapadh. Táthar ag súil go gcríochnófar an clár oibrithe aontaithe i Márta na bliana 2004.

INNEALTÓIREACHT MHEICNIÚIL

Ceannaoíodh trealamh nua agus feithclí ar chostas €0.7m mar chuid de phlean leanúnach bainistíochta fearas.

Chuir na Lárcheardlanna Innealtóireachta líon áirithe de thionscadail i gcrích d'aonaid ghnó eile de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí agus do chuideachtaí seachtracha eile chomh maith le tacú leis na Seirbhísí Innealtóireachta taobh amuigh sna hoibríochtaí draenála m.sh. loc-chomhlaí, báid fiailí &rl. a dhéanamh suas. I measc na dtionscadal sin bhí:

LÁTHAIR/CLIANT	TOGRA
Ceanncheathrú na nGardaí, Páirc an Fhionnuisce	Geataí a dhéanamh
Ardeaglais Chríost Rí, Port Láirge	Ráillí seanda a athchóiriú
Abhainn na Tulchann, Baile Átha Cliath	Ráillí sábháilteachta a sholáthar
Gairdín an Phobail, Páirc an Fhionnuisce	Ráillí a dhéanamh ag an loch
Reilig Mhíleata Ghráinseach Uí Ghormáin	Geataí seanda a athchóiriú
An Pháirc Chuimhneacháin Chogaidh	Geataí a athchóiriú
Gairdín na nAinmhithe, Baile Átha Cliath	Sconsa a dhéanamh le cur timpeall air

An inspection service in relation to plant and vehicles was provided to the Department of Communications, Marine and Natural Resources and Dúchas, the Heritage Service to enable them to comply with Health & Safety legislation requirements.

SEIRBHÍSÍ HIDREOLAÍOCHTA & HIDRIMÉADRACHA

- *Bailiú sonraí hidriméadracha*

  Faoi dheireadh na bliana 2003 bhí sonraí á mbailiú i 39 stáisiún tomhsaireachta hidriméadrach san iomlán ar fud na tíre (297 lánaimseartha agus 52 bainteach le tionscadail).

- *Iarrtais ar shonraí hidreolaíochta*

  Dhéileáil Rannóg na Seirbhísí Innealtóireachta le 278 iarratas san iomlán ar shonraí nó ar eolas sa bhliain 2003, agus proiseáileadh 97% díobh sin taobh istigh de 7 lá ó lá an iarratais. Tá sonraí ar fáil freisin trí shuíomh idirlín (www.opw.ie/hydro/home.asp).

RANNÓG AN DEARAIDH

- *Clár Náisiúnta chun Contúirtí Tuilte a Mhapáil*

Tugadh cuardach dírithe ar ailt faoi thuilte atá i mbailiúchán nuachtán na Leabharlainne Náisiúnta chun críche mar chuid den chlár chun ceantair atá i mbaol tuilte ar fud na tire, a aithint. Cuireadh amach tairiscintí i dtaca le conradh chun eolas atá ar fáil ó fhoinsí eile faoi thuilte a tharla cheana, a bhailiú; an t-eolas sin a fhíorú agus córas a dhearadh bunaithe ar an idirlíon chun an baol ó thuilte a bheith ar fáil go poiblí.

- *Staidéir ar Fhóirithint Tuilte*

Rinneadh staidéir réamhfhéidearthchta ar fhóirithint tuilte i dtaca leis an Teampall Mór agus leis an Tullach. Cuireadh comhairle leanúnach/ seirbhís athbhreithnithe ar fáil do líon áirithe tionscadal, ina measc staidéir ar fhóirithint tuilte i bhFear Maigh, i Maigh Eala, i mBaile Uí Mhornáin, agus ar abhainn na Tulchann agus Staidéar Meastóireachta Riosca ar Thuilte ar Chósta Bhaile Átha Cliath.

- *Athbhreithniú an Pholasaí ar Thuilte*

Cuireadh go mór le hAthbhreithniú an Pholasaí ar Thuilte a bhí tionscanta ag an Aire Stáit; bhí ullmhú ranna suntasacha den Tuarascáil i gceist leis an ionchur sin.

INNEALTÓIREACHT STRUCHTÚRTHA

San áireamh sna tionscadail thógála a críochnaíodh i rith na bliana tá:

Stáisiún na nGardaí, An Cóbh; Stáisiún na nGardaí, Baile an Róba; Droichead Coise Pháirc an Mhéara, (Canáil Eglinton, Gaillimh); Leathnúchán ar Ionad Cuairteoirí Achaidh an Chéide; Stáisiún Garda Cósta Éireannach, Ard Mór (Co. Phort Láirge).

Seo a leanas achoimre ar ghníomhaíochtaí an Aonaid sa bhliain 2003:

TIONSCADAL/ GNÍOMHAÍOCHT	SA TSIÚL 1/1/2003	TIONSCADAIL I 2003	IOMLÁN	LÍON CRÍOCHNAITHE I 2003
Tógáil	28	8	36	9
Tuarascálacha	46	66	112	51

MEICNIÚIL & LEICTREACHAS

Tá achoimre ar an aschur, i dtéarmaí airgeadais, anseo thíos:

RÉIMSE OIBRE	LUACH IOMLÁN €M
Conarthaí Seirbhísí	3.5
Mionoibreacha/Cothabháil	8
Obair chothabhála de réircláir	1.6
Oibreacha nua	22
Comhairle agus Monatóireacht	90

COTHABHÁIL

Cuireadh tús le conradh bainistíochta ar an bportfolio cothabhála ag cuideachta as an earnáil phríobháideach i dtús na bliana 2003 agus tá ag éirí go hanmhaith leis an socrú. Gné den tseirbhís is ea soláthar seirbhísí dílse deasc-chabhrach do chustaiméirí. Socraíodh suas córas nua bogearraí freisin i gcaitheamh na bliana chun cuidiú le custaiméiri i leith íocaíochtaí sonrasc agus billí.

CAOMHNÚ FUINNIMH

Tá an Rannóg Mheicniúil & Leictreachais ag bunú biúró monatóireachta fuinnimh mar chomhfhiontar idir iad agus Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann (Fuinnimh Éireann mar a bhíodh) agus é de chúram orthu monatóireacht a dhéanamh ar an ídiú fuinnimh i ngach aon cheann d'fhoirgnimh mhóra an Stáit agus díriú ar chlár laghdaithe. Táthar ag tabhairt faoi uasghrádú a dhéanamh ar na córais bhainistíochta reatha tógála, a cuireadh isteach i bhformhór na bhfoirgneamh seo in imeacht na mblianta seo caite, ionas go mbeidh an teicneolaíocht is deireanaí a bhaineann le bailiú sonraí fuinnimh ar fáil iontu. Cuirfidh an córas nua leis an mbailiúchán sonraí agus bainfidh sé úsáid as an idirlíon chun teagmháil a dhéanamh le freastalaí gréasán ar a bhfuil bunachar lárnach sonraí fuinnimh suite. Is féidir le hOifigigh Coiríochta an freastalaí gréasán a scrúdú go seachtrach chun amharc a fháil ar thuarascálacha fuinnimh atá cothrom le dáta. Beidh sé de chúram ar an mbiúró, le tacaíocht ríthábhachtach na mbainisteoirí áitiúla tógála, Táscairí Feidhmithe Fuinnimh a fhorbairt do gach aon fhoirgneamh agus cur amú fuinnimh a aithint agus tuarascálacha seachtainiúla, miosúla agus bliantúla ar úsáid fuinnimh a ullmhú.

OBAIR NUA

I measc na n-oibreacha nua taobh istigh a ndearnadh dearadh orthu sa bhliain 2003 bhí tionscadail i dTeach Cheoldráma Phort Láirge, An Lárionad Sábháilteachta Bia i Backweston, an Ghníomhaireacht Chosanta Chomhshaoil i gCill Chainnigh, Iarsmalann na Staire Míleata i mBeairic Uí Choileáin, roinnt mhaith stáisiúin Gardaí agus foirgnimh na Seirbhíse Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais, agus go leor leor obair fheistithe ar fud na tíre.

Tosaíodh ar thionscadal ollmhór i dTeach Chill Dara mar a ndearnadh athshlachtú iomlán ar bhloc oifige a tógadh sna 1970adaí agus inar leagadh béim mhór ar chaomhnú fuinnimh tríd an gcóras aeraithe a bhí ann a bhaint amach.

COMHAIRLE AGUS MONATÓIREACHT

Lean an tAonad Gnó air i gcomhcheangal le comhairleoirí seachtracha maidir le soláthar seirbhísí dearaidh ar oibreacha a bhí coimisiúnaithe agus ag comhairliú custaiméirí inmheánacha agus seachtracha ar aon ar raon leathan de cheisteanna.

CLÁR FÓIRITHINTE TUILTE

Lean Seirbhísi Innealtóireachta ar aghaidh ag cur tacaíocht teicniúil ar fáil d'Aonad Gnó Sheirbhísí Bainistíochta Tionscadal i dtaca leis an gClár Fóirithinte Tuilte trí chomhairliú ar trí pholasaithe, trí staidéir réamhfhéidearthachta agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar oibreacha. Ina theannta sin, bhí foireann an tsaothair dhírigh i mbun oibre ar stráicí d'Abhainn na Tulchann i gContaetha Bhaile Átha Cliath agus na Mí agus ar an abhainn Morrell i gContae Chill Dara.

An Áisíneacht Soláthairtí Rialtais

Lean an Áisíneacht Soláthairtí Rialtais dá seirbhís lárnach soláthair chuig Ranna agus Oifigí Rialtais, chuig gníomhaireachtaí Stáit agus chuig comhlachtaí eile san earnáil phoiblí. Bhain 106 eagraíocht san iomlán úsáid as an tseirbhís i gcaitheamh na bliana, agus ba €52,179,000 iomlán an láimhdeachais ar chonarthaí a lig an Áisíneacht amach. Tá briseadh síos ar an gcaiteachas de réir táirge/seirbhíse sa tábla seo a leanas.

CUR SÍOS AR AN GCONRADH	LÁIMHDEACHAS €
Feithiclí & Fearas Iompair	13,913
Seirbhísí Priontála & Leabharcheangail	10,591
Cultacha & Éadach	7,431
Páipéarachas & Soláthairtí Oifige	4,583
Breoslaí Lachtacha	4,378
Gás Nádúrtha	3,833
Seirbhísí Fógraíochta	3,606
Soláthairtí Airíochta	1,656
Fearas Cosanta Pearsanta	961
Fearas Ord Poiblí	751
Coisbheart	476
IOMLÁN	**52,179**

Déanann an Áisíneacht athbhreithniú leanúnach ar raon na dtáirgí agus na seirbhísí atá ar fáil faoina gconarthaí agus an chaoi ina seachadtar iad d'fhonn an freastal is fearr is féidir a dhéanamh ar riachtanais a custaiméirí.

Tá cainteanna ar bun freisin ag an Áisíneacht leis an Roinn Airgeadais i dtaca le pleanáil maidir le feidhmiú na straitéise náisiúnta do r-Sholáthar sa tseirbhís phoiblí.

FOILSEACHÁIN

Lean Seirbhís Foilseachán Rialtais na hÁisíneachta uirthi ag soláthar seirbhíse miondíola agus postordúcháin chun Foilseacháin Rialtais a dhíol agus a sheachadadh. Ba €705,000 láimhdeachas na seirbhíse don bhliain 2003.

SEIRBHÍSÍ TOGHCHÁIN

Is í an Áisíneacht Soláthairtí Rialtais a bhíonn i mbun bainistíochta ar tháirgeadh na bpáipéar ballóide i gcomhair reifreann agus toghcháin náisiúnta agus is í a sholáthraíonn an páipéarachas go léir a bhíonn ag teastáil do na hOifigigh Ceannais agus do na hOifigigh Seachadta. D'oibrigh an Áisíneacht leis an Roinn Comhshaoil i gcaitheamh na bliana 2003, d'fhonn go mbainfí lánúsáid as vótáil leictreonach sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha a thionólfar sa bhliain 2004.

IRIS OIFIGIÚIL

Foilsíonn Áisíneacht Soláthairtí Rialtais an Iris Oifigiúil, Gazette an Rialtais, faoi dhó sa tseachtain. Tá leagan Gréasáin den Iris Oifigiúil le fáil freisin agus is féidir teacht uirthi ag www.irisoifigiuil.ie

Seirbhísí Corparáideacha

SEIRBHÍSÍ PEARSANRA, FORBARTHA AGUS EAGRAÍOCHTA

Sa bhliain 2003 lean Seirbhísí Pearsanra dá dtacaíocht don Bhainistíocht agus don 1,200 duine a bhí fostaithe in Oifig na nOibreacha Poiblí.

Sa réimse earcaíochta agus ardú céime fuair ceathrar is fiche den fhoireann ardú céime agus earcaíodh beirt is fiche fostaí nua chun na hOifige. Tharla sé seo trí chomórtais a bhí eagraithe laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus trí earcaíocht tríd an Státseirbhís agus trí Choimisiún na gCeapachán Áitiúil.

Bhí rannpháirtíocht ghníomhach ag Seirbhísí Pearsanra in idirbheartaíochtaí, i gcomhráití agus i réiteach aighneas le líon mór de cheardchumainn a bhí ag déanamh ionadaíochta thar ceann na foirne in Oifig na nOibreacha Poiblí. Rinneadh idirbheartaíocht freisin leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i dtaca le haistriú oibríochtaí chuig Oifig na nOibreacha Poiblí.

AONAD TRAENÁLA

Sa bhliain 2003 saincheapadh an Córas Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha (CBFF) ag an Aonad Traenála chun go bhféadfadh ár bhfoireann neamhbhunaithe tionsclaíochta Stáit úsáid a bhaint as. Ritheadh cúrsa traenála aon lae ar an gcóras saincheaptha freisin; foireann an Aonaid Traenála a chuir i láthair é. D'fhreastail suas le 700 den fhoireann ar an gcúrsa traenála seo i naoi n-ionad ar fud na tíre agus i mBaile Átha Cliath. Cuirfidh foireann neamhbhunaithe Oifig na nOibreacha Poiblí CBFF i bhfeidhm sa bhliain 2004.

Áiritear cúrsaí ríomhaireachta ar théamaí mar Word agus Excel ag leibhéal tosaitheora, meánleibhéal agus ardleibhéal, Scileanna Méarchláir, AutoCAD agus ASR ar na cúrsaí a d'eagraigh an tAonad Traenála. Eagraíodh cúrsaí ar Scríobh Mhiontuairiscí, ar Scileanna Agallaimh, ar Scileanna Smaointeoireachta agus ar Réiteach Fadhbanna freisin.

Mar is gnáth, eagraíodh cúrsaí induchtaithe d'fhostaithe nua a tháinig isteach agus cúrsa scoir dóibh siúd a bhí ag dul amach ar phinsean. Ritheadh cúrsa ar fheasacht mhíchumais freisin agus tá cúrsa eile dá leithéid á leagan amach do 2004.

Bhain roinnt mhaith den fhoireann tairbhe as Scéim Aisíoc Táillí chun freastal ar chúrsaí breisoideachais ina n-am féin.

Rinne an fhoireann freastal ar chúrsaí agus ar sheimineáir éagsúla, mar shampla, An tArdrang ar Shoilsiú, Dearadh agus Tógáil Íoslaigh agus an Chomhdháil ar Bhainistiú Tuilte agus Cóstaí.

I measc na gComhdhálacha ar a ndearnadh freastal bhí Forás Bhaile Átha Cliath sa Todhchaí agus an Straitéis Náisiúnta Spásúil, An Chomhdháil ar Fhuinneamh Gréine, agus an Chomhdháil Bhliantúil ar Dhlí na Fostaíochta.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Lean Iniúchadh Inmheánach dá n-iniúchtaí inmheanácha agus áiríodh gach ceann de na hAonaid Ghnó agus de na Seirbhísí Tacaíochta ina gclár iniúchta.

Rinneadh comhdhéanamh as an nua ar an gCoiste Iniúchta sa bhliain 2003. Is baill sheachtracha beirt den triúr ball atá ar an gCoiste agus an Cathaoirleach san áireamh.

AN TAONAD EAGRAÍOCHTA

Mar chuid de na Seirbhísí Corparáideacha glacann an tAonad Eagraíochta páirt thábhachtach in Oifig na nOibreacha Poiblí. Soláthraíonn sé infreastruchúr Theicneolaíocht na Faisnéise, na teileachumarsáide agus an trealamh oifige agus déanann sé cothabháil orthu. Is orthu seo a bhraitheann gníomhaíochtaí uile eile na hOifige. Tharla athruithe móra san aonad

sa bhliain 2003; leanfar díobh seo sa bhliain 2004 agus béim á cur go leanúnach ar athbhreithniú feidhmiúcháin agus ar na spriocanna oibre a bhaint amach.

Ba é príomhfhócas na bliana 2003 spriocanna na dtionscadal agus na seirbhísí mar a bhí leagtha amach sa Phlean Gnó agus mar a bhí glactha leis ag grúpa Úsáideoirí Theicneolaíocht na Faisnéise, a bhaint amach.

Seo a leanas léiriú ar phríomhréimsí na hoibre a chuir an tAonad Eagraíochta i gcrích sa bhliain 2003:

1. Tionscadail agus Córais

Áirítear i measc na dtionscadal a bhí idir lámha:

- Córas Bainistíochta Maoine (Lárionad Saoráidí)
- Idirbhealach Cíos Maoine
- Córas Infheictheachta
- Seirbhísí Bainistíochta Faisnéise M & L
- Córas Bainistíochta Faisnéise Ailtireachta MIS
- Córas Bainistíochta Faisnéise ar Sheirbhísí Innealtóireachta MIS
- Bunachar Sonraí ar Choinníollacha Tógála
- Córais d' Uachtaránacht an AE
- Córas Bainistíochta Faisnéise ar Cheardlanna Lárnacha Innealtóireachta MIS
- 'Corepay' córas cianiontrála párolla
- Scéim áirithinte Farmleigh
- Bunachar Sonraí ar Chairéil
- Bunachar ar chomhlánú Oibreacha Ealaíne/ forbairt gréasáin
- CBFF (PMDS)/scéim riachtanas traenála

2. Seirbhísí

Tugann an tábla seo a leanas léiriú ar scála na seirbhísí a soláthraíodh ag 42 láithreán i gcaitheamh na bliana 2003:

CUR SÍOS	LÍON (C.)
Tacaíocht ríomhairí & ríomhairí glúine	700
Tacaíocht freastalaithe	50
Tacaíocht printéiri	120
Feidhmiúcháin bogearraí	100
Tacaíocht fóin phóca	250
Fótachóipeálaithe	90
Innill faics	100

3. Uasghrádú agus feabhsúcháin Infreastruchtúir

Rinneadh líon suntasach d'uasghráduithe agus d'fheabhsúcháin ar Líonra an Infreastruchtúir i rith na bliana 2003; orthu seo bhí bogearra frithvíreas, slándáil líonra agus seirbhísí i gcomhair leanúint ar aghaidh le gnó (aisfháil tar éis tubaiste).

4. Athbhreithniú ar Theicneolaíocht na Faisnéise

I mí Eanáir na bliana 2003, d'ullmhaigh comhairleoirí tuarascáil ar fheidhm Theicneolaoícht na Faisnéise laistigh d'Oifig na nOibreacha. Cuireadh Plean Gníomhaíochta 10 bpointe le chéile dá thoradh sin a léirigh cé mar a d'fhéadfaí na príomh-mholtaí a chur i bhfeidhm.

Ba é toradh An Phlean Gníomhaíochta sin gur leagadh amach foirmle mar mhodh oibre do Bhainistíocht Tionscadal i gcomhair tionscadail de chuid Theicneolaíocht na Faisnéise agus gur cuireadh Aontú Leibhéal Seirbhíse in áit chun seachadadh a dhéanamh ar sheirbhísí bainteach le Teicneolaiocht na Faisnéise laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

Moladh sa Phlean freisin go gcuirfí le Deaschabhrach reatha Theicneolaíocht na Faisnéise in Oifig na nOibreacha Poiblí chun díriú níos fearr agus níos tapúla ar an gcustaiméir imheánach.

Moladh freisin go dtosódh an tAonad Eagraíochta ar chlár feasachta ar Theicneolaíocht na Faisnéise laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí. Foilsíonn an tAonad Eagraíochta faisnéis go rialta anois faoi fhorbairtí i dTeicneolaíocht na Faisnéise ar shuíomh an líonra inmheánaigh agus ullmhaíonn sé seisiúin eolais don fhoireann ar theicneolaíochtaí nua. Tá cur i láthair den sórt céanna á réiteach don bhliain 2004.

5. Achoimre

Oibreacha móra agus oibreacha difriúla a rinneadh laistigh den Aonad Eagraíochta agus tá siad fíorthábhachtach i dtaca le feidhmiú Oifig na nOibreacha Poiblí de. Beifear ábalta anailís a dhéanamh ar na córais agus fadhbanna poitéinsiúla a cheartú sula mbeidh siad róthromchúiseach trí bhithín na n-uirlisí nua tuairiscithe atá faighte.

RANNÓG NA SEIRBHÍSÍ DLEATHACHA

In 2003, lean Seirbhísí Dleathacha dá gceangal le Gníomhaireacht Éileamh an Stáit (GÉS) trí chuntas a thabhairt ar thimpistí agus trí cháipéisíocht le cois a chur ar fáil, de réir an Phrótacail a aontaíodh idir an dá eagraíocht sa bhliain 2002.

Comhlacht dlíodóirí a lean ar aghaidh i mbun bainistíochta ar sholáthar chomhairle dhleathach d'Oifig na nOibreacha Poiblí ar bhun conartha go dtí Deireadh Fomhair na bliana 2003. Sular tugadh an conradh chun críche thangthas ar aontú le hOifig Phríomh-Dhlíodóra an Stáit ar sholáthar an raon iomlán na seirbhísí dleathacha a bheadh de dhíth ar Oifig na nOibreacha Poiblí sa todhchaí. Tá sé beartaithe ag It go mbeadh an tseirbhís seo ag obair go luath sa bhliain 2004.

Lean Seirbhísí Dleathacha de bheith ag feidhmiú mar Rúnaí Cuideachta don dá chuideachta a ghnóthaigh Oifig na nOibreacha Poiblí, Colmstock Properties Limited agus Public Property Development Limited, mar aon le seirbhísi riaracháin a sholáthar d'Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh agus d'Ionad Tyrone Guthrie in Annaghmakerrig.

AN TAONAD SAORÁIL FAISNÉISE (SF)

Leanadh ar aghaidh de bheith ag tabhairt tús áite do láimhseáil éifeachtach agus fheidhmiúil na n-iarratas san aonad saoráil faisnéise i gcaitheamh na bliana 2003. 76 an líon iomlán iarratas ar déileáileadh leo ar feadh na bliana agus tugadh gach cabhair, de réir mar a bhí oiriúnach, dóibh siúd a bhí ag déanamh na n-iarratas agus bhí teacht acu ar chuntais gan orthu iarratas foirmeálta Saoráil Faisnéise a dhéanamh.

Cuireadh Treoir i leith Feidhmeanna, Cuntais, Rialacha agus Gnáthaimh na hOifige, riachtanas faoi réir Chuid 15 agus Chuid 16 den Acht um Saoráil Faisnéise, ar fáil ar ghreasán Oifig na nOibreacha Poiblí a chuaigh ar líne sa bhliain 2003.

Mar chuid dá thiomantas i dtaca le dea-chleachtas de agus arna chloí dó le forálacha an Achta um Saoráil Faisnéise déantar ionadaíocht ar an Aonad Saoráil Faisnéise ag cruinnithe Úsáideoirí Líonra na Státseirbhíse (ULS) agus ag cruinniú den Ghrúpa Oibre Eadar-rannach (GOER). Ofrálann na líonraí seo deis do chomhghleacaithe as ranna agus oifigí eile de chuid na Státseirbhíse a gcásanna a phlé agus is cuidiú iad i bhforbairt ghinearálta ethos na Saorála Faisnéise.

Tá achoimre sa tábla seo a leanas ar ghníomhaíocht Aonad na Saorála Faisnéise i gcaitheamh na bliana. Ó bhaill den phobal, ó ghrúpaí gnó agus ó iriseoirí a tháinig formhór na n-iarratas a fuarthas in Aonad na Saorála Faisnéise agus bhí a n-uimhir sin cothrom go leor i ngach catagóir.

Iomlán na n-iarratas faighte	**76**
Iriseoirí	29
Gnó	17
Baill an Oireachtais	2
Baill Foirne	4
Eile	24

‘An Gleann’ Oifigí an Rialtais, Port Láirge

1

Gradaim Oifig na nOibreacha Poiblí 2003

Athchóiriú ar Theach Fota

Teach Laighean, Áit Fáiltithe don Phreas

Athchóiriú ar Theachín Sheosaimh

Creidiúnú ISO

1. Teach Fota, Corcaigh

TIONSCADAL / ROINN	SCÉIM GRADAM	CLIANT(AÍ)
Athchóiriú Theach Fota, Co. Chorcaí.	Gradam Réigiúnach RIAI	Oifig na nOibreacha Poiblí ar son Iontaobhaos Theach Fota
Preas Theach Laighean Fáiltiú, Baile Átha Cliath	Gradam Réigiúnach RIAI	Oifig na nOibreacha Poiblí ar son Thithe an Oireachtais
Athchóiriú Theachín N. Seosamh, Co. Chill Mhantáin	Gradam Speisialta RIAI – Barrch-leachtas i dTionscadal Caomh-naithe	Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil - Páirceanna Náisiúnta & Seirbhísí Fiadhúlra
Seirbhísí Bainistíochta Maoine	IS EN ISO 9001:2000	-
Seirbhísí Innealtóireachta, Rannóg an Dearaidh	IS EN ISO 9001:2000	-

Athbhreithniú Airgeadais 2003

“Leanann Oifig na nOibreacha Poiblí dá tacaíocht d’Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh i dtaca le caiteachas ar oibreacha caipitil, pá agus cothabháil.”

1. Forbairt bheartaithe ‘Westgate’, Baile Átha Cliath
2. Farmleigh
3. Oifig na bPas, Baile Brigín

CLÁR CAITEACHAIS

Taispeánann an tábla seo thíos, ar bhun cláir, an caiteachas go léir a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2003 (Taispeántar figiúirí 2002 lena gcur i gcomparáid). Áirítear anseo cistí a deonaíodh go díreach ar Oifig na nOibreacha Poiblí trí Vóta 10; cistí a riaradh ar son na Roinne Airgeadais; agus caiteachas ar oibreacha agus seirbhísí bainistithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus iad íoctha ag Ranna eile nó ag Gníomhaireachtaí Rialtais.

CAIPITEAL AND NEAMHCHAIPITEAL	ASCHUR SEALADACH €000	
	2002	**2003**
1. Seirbhísí Bainistíochta Maoine		
1.1 Ceannach láithreán agus foirgneamh	10,189	4,654
1.2 Cíos, rátaí &rl.	98,459	110,461
Iomlán an Chláir	**108,648**	**115,115**
2. Cothabháil Maoine		
2.1 Cothabháil, ábhar agus soláthairtí	46,140	43,410
2.2 Breosla, leictreachas, uisce, ábhar glantacháin	11,381	12,949
2.3 Foireann Tís an Uachtaráin	620	671
Iomlán an Chláir	**58,141**	**57,030**
3. Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal		
3.1 Clár Tógála	295,665	297,325
3.2 Fóirithint Tuilte (Ciste Fóirithinte Domhanda san áireamh)	31,162	20,837
3.3 Cumann Zó-eolaíochta na hÉireann	2,539	2,539
3.4 Séipéal Choláiste Mhaigh Nuad	4,152	750
3.5 Institiúid na hÉireann, Louvain	900	0
3.6 Coláiste Éireannach N.Isidore, An Róimh	1,270	0
3.7 Ardeaglais Chríost Rí, Port Láirge	1,270	0
Iomlán an Chláir	**336,958**	**321,451**
4. Seirbhísí Innealtóireachta		
4.1 Suirbhéanna ar Dhraenáil	1,294	909
4.2 Oibreacha Cothabhála – Costais chothabhála scéimeanna atá críochnaithe	13,527	3,815
4.3 Seirbhísí do Roinn na Mara & na nAcmhainní Nádúrtha	142	50
4.4 Ceannach monarcha agus innealra Innealtóireachta	1,534	699
4.5 Cothabháil ar mhonarcha agus ar innealra Innealtóireachta	1,821	1,763
4.6 Oibreacha Innealtóireachta don Roinn Ealaíon,Oidhreachta,Gaeltachta & Oileán	305	229
Iomlán an Chláir	**18,623**	**17,465**
5. Áisineacht Soláthairtí Rialtais		
5.1 Priontáil agus Foilseacháin	22,817	20,132
5.2 Seirbhísí Soláthairtí Ginearálta	26,908	31,324
Iomlán an Chláir	**49,725**	**51,456**

6. Seirbhísí Corparáideacha		
6.1 Tuarastail, pá agus liúntais	22,674	25,148
6.2 Taisteal agus liúntais chothaithe	1,240	1,384
6.3 Costais theagmhasacha	1,182	815
6.4 Seirbhísí postais agus teileachumarsáide	1,057	999
6.5 Trealamh oifige agus soláthairtí eile oifige	2,384	2,494
6.6 Costais áitreabh oifige	1,188	869
6.7 Seirbhísí Comhairleoireachta	488	34
Iomlán an Chláir	**30,213**	**31,743**
7. Cistí Bainistithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Airgeadais		
7.1 Iasachtaí Áitiúla	39,502	43,575
Iomlán an Chláir	**39,502**	**43,575**
Iomlán Ollchaiteachais	**641,810**	**637,835**
Is féidir seo a réiteach le caiteachas Vóta 10 mar a leanas:		
Lúide:		
Cistí Bainistithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Airgeadais	39,502	43,575
Oibreacha cistithe ag Ranna Rialtais	143,732	107,340
Soláthairtí do Ranna Rialtais	58,535	60,602
Vóta 44	13,545	0
Iomlán	**386,496**	**426,318**

Ba €426,832,000 an leithdháileadh comhlánta ar Vóta 10. Iomlán leithreasuithe-i-gCabhair (fáltais) €22,009,462.
Ba €1.398m.an choigilt foriomlán glan ar an Vóta.

Funding of Programmes

		2002	2003
Cistithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí			
Vóta 10 (Comhlán)		386,496	426,318
1.Vóta 44 (Fóirithint Tuilte)		13,545	0
Iomlán		**400,041**	**426,318**
Obair cistithe ó Vótaí ó Ranna eile			
2. **Oibreacha Tógála & Seirbhísí**			
An Roinn Oideachais		20,000	12,242
Oibreacha Éagsúla		108,509	75,002
Cíosanna Éagsúla		0	5,110
Oibreacha Cothabhála	1	15,081	12,686
Seirbhísí chuig Roinn na Mara & na nAcmhainní Nádúrtha	2	142	50
Soláthairtí do Ranna Rialtais			
Páipéarachas		18,183	16,317
Feithclí iompair		13,461	13,913
Troscán		6,327	7,280
Éadach	3	6,704	9,619
Fógraíocht		3,914	3,606
Fuinneamh		8,788	10,461
Ábhair Ghlantacháin Ghin. &rl		1,158	1,656
Iomlán		**202,267**	**167,942**
Cistí Bainistithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Airgeadais			
3. Iasachtaí Áitiúila	4	39,502	43,575
Iomlán		**39,502**	**43,575**

1. Tá mionoibreacha cothabhála ar chóiríocht ag áitritheoirí Stáit.
2. Ar obair a rinneadh ag Cuan Bhinn Éadair, Baile Chaisleán Bhéarra, Inis Bó Finne, Na Cealla Beaga, agus An Dún Mór Thoir.
3. Roinneann dhá Roinn, An Roinn Cosanta agus An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchoirithe Dlí, an chuid is mó den chaiteachas ar éadach.
4. Tá na cistí seo bainistithe ar son na Roinne Airgeadais. Tá aisghabháil íocaíochtaí iasachtaí, ó údaráis áitiúla agus ó dhaoine aonaracha i gceantair Ghaeltachta, faoi dhó sa bhliain, agus iasachtaí ar luathfhuascailt, i gceist. Tá Iasachtaí Gaeltachta á mbainistiú anois ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.

Note:
Is é polasaí Oifig na nOibreacha Poiblí sonraisc a phroiseáil gan aon mhoill. Tá an Oifig seo ag feidhmiú faoi réir an Achta um Phrasíocaíocht Cuntas, 1997 ón 2/1/98 i leith.

Seirbhísí Ailtireachta

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2003

		2002		2003	
	Nóta	**€'000**	**€'000**	**€'000**	**€'000**
Ioncam Táillí Ainmniúla	**1**		12,559		**11,671**
Caiteachas					
Costais Fostaíochta	**2**	5,747		**5,967**	
Lársheirbhísí Tacaíochta	**3**	1,488		**1,637**	
Cíos	**4**	535		**662**	
Árachas	**5**	377		**350**	
Dímheas		165		**188**	
Cumarsáid		80		**81**	
Costais Forbartha		69		**54**	
Costais reatha Teic. Na Fais.		41		**41**	
Teas agus Solas		40		44	
			8,541		**9,024**
Farasbarr Ainmniúil	**6**		4,018		**2,647**

Nótaí leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

1. ***Ioncam táillí ainmniúla.*** *Áiríodh an t-ioncam táillí ainmniúla trí úsáid a bhaint as scálaí trách tála táillí lascainithe de 7.5% chun coinníollacha reatha an mhargaidh a léiriú. Níl aon choigeartú déanta chun aon lascaine bhreise, a bheadh ceadaithe do chustaiméirí dá soláthraítear seirbhísí fadtéarmacha thar líon áirithe tionscadal nó aon phréimh a mbeadh ann dó de bharr seirbhísí speisialta a sholáthar, a thaispeáint.*

2. ***Costais Fhostaíochta.*** *Ardaíodh an costas pinsin agus leasa shóisialaigh iarbhir a tabhaíodh de réir mar a bhí oiriúnach d'fhonn na rátaí a bheadh iníoctha ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach a léiriú. Níl aon choigeartú déanta ar bhunleibhéil tuarastail d'fhonn scálaí reatha pá sa mhargadh nó bónas nó aon luach eile mar thoradh ar shaothar, a léiriú.*

3. ***CLársheirbhísí Tacaíochta.*** *Leithroinneadh costais tacaíochta ar bhun líon na foirne mar chéadatán den fhoireann bhunaithe iomlán Ardaíodh costais pinsin agus leasa shóisialaigh a tabhaíodh de réir nóta 2 thuas.*

4. ***Cíos €'000***
   Iarbhir 38
   Ainmniúil 625
   Leithroinntear an cíos iarbhir bunaithe ar an bhfairsinge atá áitrithe mar chéadatán den spás iomlán atá á thógáil ar cíos. Áirítear an cíos ainmniúil ar mheán de €30 an slat cearnach mar neastachán de rátaí reatha an mhargaidh ar mhaoin dá leithéid. Leithroinntear an táille ainmniúil ar bhun na fairsinge atá tógtha.

5. ***Árachas.*** *Táille ainmniúil atá san árachas d'fhonn costais árachais slánaíochta phroifisiúnta mar a bheadh taobhaithe ag cleachtadh san earnáil phríobháideach a léiriú agus áirítear í bunaithe ar chéadatán (3%) d'ioncam na táille ainmniúla.*

6. ***Farasbarr Ainmniúil.*** *Ní léiríonn an farasabarr ainmniúil líon áirithe de chostais bhreise a d'fhéadfadh a bheith taobhaithe ag cleachtadh coibhéiseach san earnáil phríobháideach ach nach féidir a mheas chomh cruinn is ba ghá chun go gceadófaí iad a chur san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais seo. Áirítear táillí dlí, costais mhargaíochta, fáiltiú agus féile agus bainistíocht chaipitil oibre sna costais seo ach níl siad teoranta dóibh sin.*

7. *Taispeántar na figiúirí ioncaim agus caiteachais go léir glan ar CBL.*

Cuntas Ailtireachta 1998 - 2003

I €M ATÁ NA FIGIÚIRÍ GO LÉIR		
BLIAIN	**FARASBARR**	**IONCAM**
1998	2.589	10
1999	2.903	10
2000	3.633	10
2001	5.016	13
2002	4.018	13
2003	2.647	12



Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON TRÉIMHSE DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2002

	Nóta	31/12/2002 (9 mí) €	31/03/2002 (12 mí) €
Ioncam			
Brabús infhála	1	6,753	7,333
Aisíoc Cánach Coinneála ar ús taisce(DIRT)	1	-	62,989
		6,753	**70,322**
Costais			
Táillí Dlí agus Cuntasaíochta		2,418	2,616
Táillí cánach maidir le: aisíoc CCUT(DIRT)		1,028	7,251
Gang Camp don Fhéile "Fantasia"		-	1,270
Scéim Scoláireachta Campa		3,809	3,809
		7,255	**14,946**
(Easnamh)/Farasbarr don bhliain		**(502)**	**55,376**

CLÁR COMHARDAITHE AG 31 NOLLAIG 2002

	Nóta	31/12/2002 €	31/03/2002 €
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	3	1,548	1,213
Cuntas Taisce ACC	5	262,832	266,179
		264,380	267,392
Fiachais Reatha			
Oifig na nOibreacha Poiblí – cuntas reatha	4	465	346
Fabhraithe	6	5,532	8,161
		5,997	8,507
Sócmhainní Reatha Glan		**258,383**	**258,885**
Léirithe Ag			
Cuntas Caipitil		**258,383**	**258,885**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 31 Nollaig 2002

1. ***Ioncam***
Is do na blianta 1991/92 go 2000/01 an t-aisíoc Cánach Coinneála ar Ús Taisce (DIRT) a fuarthas sa bhliain dár críoch 31 Márta 2002 de bharr an stádais charthanúil atá ag Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh

B'ús ar chuntas taisce ACC an t-aon ioncam a tháinig isteach sa tréimhse airgeadais dár críoch 31 Nollaig 2002.

2. ***Costais***
Faoi théarmaí an léasa reatha atá ag Gang Camp, is faoi Gang Camp atá na heisíocaíochtaí go léir ar a n-áirítear cothabháil agus deisiúcháin ar an gCaisleán.

Baineann na táillí dlí le seirbhísí a sholáthair Arthur Cox i rith na bliana. Baineann táillí cánach leis na hidirbheartaíochtaí deireanacha leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith aisíoc Cánach Coinneála ar Ús Taisce.

Baineann an costas €3,809 i ngach tréimhse airgeadais le Scéim Scoláireachta Campa i dtaca le gealltanas an iontaobhais urraíocht a dhéanamh ar pháiste sa champa ar feadh 5 bliana ó 1999, ag costas iomlán de €19,046.

3. ***Féichiúaithe***	***31/12/2002***	***31/03/2002***
Suimeanna iníoctha laistigh d'aon bhliain amháin	*€*	*€*
Aisíoc iníoctha ag BSL	*1,548*	*1,213*
	1,548	***1,213***

Baineann an t-aisíoc ón mBSL le híocaíochtaí a rinneadh i leith leictreachais chuig Lóiste An Gheata Theas tar éis athlonnú chlann Uí Dhonnchú i nDeireadh Fómhair na bliana 1998.

4. ***Office of Public Works - Current Account Oifig na nOibreacha Poiblí - Cuntas Reatha***
Léiriú ar chuntas reatha nó "ar foluain" an tsuim de €465 (2002: €346) atá dlite d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

5. ***Cuntas Taisce ACC***
Tá an comhardú ar chuntas taisce bainc ACC agus an ráiteas bainc ag réiteach le chéile mar ag 31 Nollaig 2002.

6. ***CREIDIÚNAITHE*** *(suimeanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin)*	***31/12/2002***	***31/03/2002***
	€	*€*
Ernst & Young:		
- Táille Cuntasaíochta	*1,908*	*1,944*
- Táille Cánach	*1,028*	*3,678*
Athlonnú Chlann Uí Dhonnchú	*2,539*	*2,539*
BSL	*57*	*-*
	5,532	***8,161***

Táille fhabhraithe is ea an táille chuntasaíochta i leith ullmhú an chuntais airgeadais don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2002.

Tagraíonn an tsuim €2,539 do na costais a bhain le hathlonnú Chlann Uí Dhonnchú.

7. *Leanann Oifig na nOibreacha Poiblí dá tacaíocht d'Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh i dtaca le caiteachas ar oibreacha caipitil, pá agus cothabháil. Tá siad seo san áireamh i gcuntais an Rialtais.*

8. *Is do bhainistiú an iontaobhais amháin a thagraíonn ráitis airgeadais Iontaobhais Chaisleáin Bhaile an Bharóidigh Níl na sócmhainní (Caisleán Bhaile an Bharóidigh agus na tailte atá ina thimpeall), ar a ndéanann Oifig na nOibreacha Poiblí cothabháil, luaite i ráitis airgeadais an iontaobhais mar gur gnóthaíodh iad gan aon chostas.*

1

2

3

Foireann agus Pearsanra Sinsearach 2003

"Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil seo go cruinn dúthracht agus éifeachtúlacht na foirne agus na torthaí a bhaineadar amach. Déanaim comhghairdeas libh as bliain rathúil eile agus mo mhíle buíochas as bhur n-iarrachtaí agus bhur dtacaíocht leanúnach."

Seán Benton
An Cathaoirleach

1. David Byers, An Coimisinéir
2. Clare McGrath,An Coimisinéir
3. Seán Benton, An Cathaoirleach

FOIREANN OIFIG NA NOIBREACHA POIBLÍ MAR AG 31 NOLLAIG 2003	
Aire Stáit agus Riarachán	318
Ailtireacht	140
Innealtóireacht	74
Eile	41
Grádanna Oifig na nOibreacha Poiblí	714
Iomlán	1,287

PEARSANRA SINSEARACH

Sean Benton
Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí

Seirbhísí Maoine

David Byers
Coimisinéir

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal

Clare Mc Grath
Coimisinéir

Seirbhísí Bainistíochta Maoine

Tom Costello
Príomhoifigeach

Paul Molloy
Príomhoifigeach

Seirbhísí Bainistíochta Maoine

Des Thorpe
Ceann Cothabhála

Aonad Sláinte agus Sábháilteachta

Kevin Fleming
Príomhoifigeach Cúnta

Bainistíocht Saoráidí

Liam Basquille
Príomhoifigeach

Mary Heffernan
Bainisteoir Ginearálta, Farmleigh

Tommy O'Shaughnessy
Bainisteoir Ginearálta, Caisleán Bhaile Átha Cliath

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal

Jim Blighe
Príomhoifigeach

John Sydenham
Príomhoifigeach

John Mc Mahon
Príomhoifigeach

Aonad na dTionscadal Speisialta

Kevin Connolly
Stiúrthóir

Seirbhísí Ailtireachta

Michael O'Doherty
Stiúrthóir Seirbhísí Ailtireachta

Liam Egan
Príomhailtire Cúnta

Michael Haugh
Príomhailtire Cúnta

Ciaran O'Connor
Príomhailtire Cúnta

Klaus Unger
Príomhailtire Cúnta

Finbar Wall
Príomhailtire Cúnta

Seirbhísí Innealtóireachta

Tony Smyth
Stiúrthóir Seirbhísí Innealtóireachta

Jim O'Sullivan
Príomhinnealtóir Meicniúil & Leictreachais

Tom Sherlock
Príomhoifigeach

Seirbhísí Corparáideacha
Vincent Campbell
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

June Thompson
Príomhoifigeach

Lynda Hendley
Oifigeach Caidreamh Poiblí

Finola Parnell
Oifigeach Saorála Faisnéise

Seirbhísí Airgeadais agus Áisineacht Soláthairtí Rialtais
Joseph Farrell
Príomhoifigeach

OIFIG NA NOIBREACHA POIBLÍ

An Phríomhoifig
Oifig an Aire Stáit
Oifig an Chathaoirligh
Seirbhísí Corparáideacha
Seirbhísí Bainistíochta Maoine
Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal
Seirbhísí Cothabhála Maoine
Seirbhísí Ailtireachta
Seirbhísí Innealtóireachta

51 Faiche Stiofáin, Baile Átha Cliath 2.
Dublin 2.
Tel: (01) 647 6000
Lóghlao: 1890 213 414
Príomhuimhir Faics: (01) 661 0747
Suíomh Gréasáin: www.opw.ie
R-phost: info@opw.ie

Rannóg Suirbéireachta Cainníochta, Cuntasóirí Proifisiúnta
4 - 5 Bóthar Fhearachair,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 647 6000

Draenáil Artaireach – Rannóg Dearaidh, Rannóg Hidreolaíochat & Hidriméadrach, Rannóg Innealtóireachta Struchtúrtha
17-19 Sráid Haiste Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 647 6000

Seirbhísí Airgeadais
Oifigí Rialtais,
Bóthar Hebron,
Cill Chainnigh
Tel: (056) 7772600
Lóghlao: 1890 213 424

Áisineacht Soláthairtí Rialtais
51 Faiche Stiofáin,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 647 6000
Lóghlao: 1890 213 434

Oifig Díolacháin Foilseachán Rialtais
Teach Sun Alliance,
Sr Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 679 3515

Rannóg an Troscáin
Bóthar Baile Uí Bheoláin,
Rialto,
Baile Átha Cliath 8
Tel: (01) 453 1588

Seirbhís Chothabhála Foirgneamh
Rae Penfro,
Sráid an Rátha,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 676 4633

Lárionad Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 679 3713

Farmleigh
Bóthar an Fhaoitigh,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15
Tel: (01) 815 5900

An Lárcheardlann Innealtóireachta
Bóthar Jamestown,
Inse Chór,
Baile Átha Cliath 8
Tel: (01) 453 4204

Cothabháil Draenála Artaireach
An Baile Nua,
Baile Átha Troim,
Co na Mí
Tel: (046) 9431352

An Fhaiche,
Baile Átha Fhirdhia,
Co Lú
Tel: (041) 685 3256

Robinstown,
An Muileann gCearr,
Co na hIarmhí
Tel: (044) 48332

Ballycraine,
Droichead an Chaisleáin,
Co Loch Garman
Tel: (053) 24181

Droim Béara,
Bóthar na Muinchille,
Muineachán
Tel: (047) 83201

An tSráid Láir,
Áth Cinn,
Co na Gaillimhe
Tel: (093) 35456

Bóthar Bhéal Easa,
Béal an Átha,
Co Mhaigh Eo
Tel: (096) 22065

Gallows Brae,
Leifear,
Co Dhún na nGall
Tel: (074) 9141273

Baráiste Chomhla na Coiribe,
Teach na Comhla,
Gaillimh
Tel: (091) 563097

Teach Theampaill Mhungarait,
Mungarait,
Luimneach
Tel: (061) 227139

Droichead na hInse,
Lios Tuathail,
Co Chiarraí
Tel: (068) 21166

Cuan Chonnachta,
Port Omna,
Co na Gaillimhe
Tel: (090) 9741086

Foirgnimh Rialtais,
Bóthar an Spá,
Trá Lí
Tel: (066) 24479

Seirbhísí Hidreolaíochta & Hidriméadracha
Sráid na Beairice,
Áth Luain,
Co na hIarmhí
Tel: (090) 6492918

Bóthar Hebron,
Cill Chainnigh
Tel: (056) 7772641

An Fhaiche,
Baile Átha Fhirdhia,
Co Lú
Tel: (041) 685 7992

Teach Theampaill Mhungarait,
Mungarait,
Co Luimnigh
Tel: (061) 227139

Foxford Road, Ballina,
Co Mayo
Tel: (096) 22065

Oifigí Réigiúnacha Ailtireachta
Teach Steward,
Bóthar an Fhaoitigh,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15
Tel: (01) 812 8122

Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2
Tel: (01) 475 5175

Foirgnimh Rialtais,
Bóthar San Alfansas,
Dún Dealgan,
Co Lú
Tel: (042) 933 4221

2 Sráid an tSéipéil,
Sligeach
Tel: (071) 9142202

Oifigí Rialtais,
An tSráid Ard,
Leitir Ceanainn,
Tel: (074) 9121365

Sráid na Beairice,
Áth Luain,
Co na hIarmhí
Tel: (090) 6492087

13 Catherine Street,
Waterford
Tel: (051) 874134

Foirgnimh Rialtais,
Port Laoise
Tel: (0502) 21133

Foirgnimh Rialtais,
An tInbhear Mór,
Co Chill Mhantáin
Tel: (0402) 32761

Foirgnimh Rialtais,
Sráid Áine,
Loch Garman
Tel: (053) 22470

14 Seanbhóthar na Carraige Duibhe,
Corcaigh
Tel: (021) 4966 200

An Diméin,
Cill Áirne,
Co Chiarraí
Tel: (064) 31028

2 Sráid Mhaigh Eala,
Luimneach
Tel: (061) 313500

Oifigí an Rialtais, Dúrlas Éile,
Co Thiobraid Árann
Tel: (0504) 21532

16 An Fhaiche Mhór,
Gaillimh
Tel: (091) 53016

Bóthar Pavilion,
Caisleán an Bharraigh,
Co Maigh Eo
Tel: (094) 9021331

An tOspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann

Léarscáil a léiríonn dáileadh oifigí an OPW ar fud na hÉireann

“I mí na Nollag 2003 d’fhógair mo chomhghleacaí, an tAire Airgeadais, Charlie McCreevy TD, pleananna an Rialtais chun 10,000 státseirbhíseach a dhílárnú as Baile Átha Cliath chuig 53 ionad ar fud na hÉireann. Is deis aisti féin d’Oifig na nOibreacha Poiblí atá san fhógra seo agus níl dabht ar domhan orm ach go dtabharfaidh an eagraíocht faoin dúshlán sin go muiníneach agus go fonnmhar sna blianta atá romhainn.”

Tom Parlon TD

1. Músaem Cathrach na Gaillimhe
2. Geata Hueston
3. Teach na Pailme, Garraithe Náisiúnta na Lus (le linn oibreacha athchóirithe)
4. Stáisiún na nGardaí Ráth Iomgháin

Léarscáil a léiríonn dáileadh oifigí an OPW ar fud na hÉireann